Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Dréacht-Thuarascáil Bhliantúil 2025

## Clár


Réamhfhocal ón Méara ..... 5

Réamhfhocal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ..... 6

Misean agus Luachanna ..... 7

Eolas faoin gComhairle ..... 8

Ár bPríomhsheirbhísí ..... 11

Cruinnithe na Comhairle 2025 ........ 13
Coistí um Beartais Straitéiseacha ........ 14
CBS maidir leis na hEalaíona, Cultúr, an Ghaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna ........ 14
CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht ........ 14
CBS maidir leis an gComhshaol, an Ríocht Phoiblí agus an tAthrú Aeráide ........ 15
CBS Tithíochta ........ 15
CBS maidir le Talamhúsáid, Iompar agus Pleanáil ........ 16
CBS maidir le Cúrsaí Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Lánpháirtithe ........ 17
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ........ 18
Plean Forbartha Eacnamaíche Áitiúil 2024 – 2030 ........ 20
An Coiste Iniúchóireachta ........ 21
Cur i bhFeidhm an Dualgais maidir leis an gCreat um Chomhionannas agus Chearta an Duine ........ 22
Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas ........ 28
Dul chun cinn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Reachtaíocht maidir leis an nGaeilge ........ 33
Gradaim agus Éachtaí na Comhairle 2025 ........ 34
Gradaim Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil 2025 ........ 34
Gradaim an Bhrait Ghlais faighte ag Cúig Pháirc i mBaile Átha Cliath Theas 35
Gradaim LAMA um Pobail agus Comhairlí Uile-Éireann 2025 ........ 35
Gradaim Pleanála Institiúid Pleanála na hÉireann 2025 ........ 35
Gradaim IDI (Institiúid Dearthóirí Éireann) 2025 ........ 36
Fostóir le Creidiúnú FGL ........ 36
An Plean Soláthair Seirbhíse 2025 a chur i bhfeidhm ........ 37
Sprioc 1 Ceannaireacht Aeráide ........ 37

Sprioc 2: Tithíocht ar Ardchaighdeán ........................................................ 43
Sprioc 3 Geilleagar faoi Bhláth ................................................................... 49
Sprioc 4 Áit Níos Fearr ................................................................................ 54
Sprioc 5 Pobail Nasctha ............................................................................... 59
Sprioc 6 Saibhreas Cultúrtha ....................................................................... 64
Sprioc 7: Daoine ar dTús - Eagraíocht atá dírithe ar na daoine.................... 68
Aguisíní..........................................................................................................75
Aguisín 1.1 – Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC) ..................75
Aguisín 1.2 – Ráitis Airgeadais .....................................................................75
Aguisín 2.1- Comhaltaí Tofa Reatha .............................................................75
Aguisín 2.2 – Íocaíochtaí a Rinneadh le Comhairleoirí in 2025.....................77
Aguisín 2.3 – Oiliúint agus Comhdhálacha 2025 ..........................................78
Aguisín 2.4 – Costais an Mhéara ...................................................................78
Aguisín 2.5 – Bronntanais ar Ghlac an Chomhairle leo ................................79
Aguisín 2.6 – Comhaltacht Choistí Inmheánacha agus Seachtracha 2025 ..79
An Coiste Iniúchóireachta............................................................................. 80
An Grúpa Beartais Chorparáidigh................................................................. 80
CBS maidir leis na hEalaíona, Cultúr, Oidhreacht, Gaeilge agus Leabharlanna ..........................................................................................................81
CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht ...............81
CBS maidir leis an gComhshaol, an Ríocht Phoiblí agus an tAthrú Aeráide 82
CBS Tithíochta.............................................................................................. 83
CBS maidir le Cúrsaí Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Lánpháirtithe 83
CBS maidir le Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar ...................................... 84

Cruinniú Coiste Bliantúil: Cluain Dolcáin / An Caisleán Nua / Ráth Cúil / Teach Sagard / An Briotás ACM ........ 85
Cruinniú Coiste Bliantúil: Leamhcán / Baile Phámar / Cluain Dolcáin Thuaidh ........ 85
Cruinniú Coiste Bliantúil: Ráth Fearnáin / Teach Mealóg / Teach na Giúise / Bóthar na Bruíne ........ 86
Cruinniú Coiste Bliantúil: Tamhlacht ........ 86
Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann ........ 87
Coiste Amharclann an Phobail ........ 87
Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Áitiúil Chluain Dolcáin ........ 87
Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ........ 88
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Bhaile Átha Cliath 12 ........ 88
Fóram Pobail Bhus Átha Cliath/Luas ........ 88
Comhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ........ 89
Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo ........ 89
An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil ........ 89
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil ........ 90
Fóram Sláinte FSS - Baile Átha Cliath agus Lár Tíre ........ 90
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas ........ 90
Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas ........ 91
Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Iardheiscirt ........ 91
Ionad Ealaíon Pobail Thamhlachta ........ 91
Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta ........ 91
An Coiste Idirmheánach Údaráis Áitiúil ar Sheirbhísí Dóiteáin/Otharcharranna agus Bainistíocht Éigeandála ........ 92
An Coiste Ainmniúcháin Bonneagair ........ 92

Coiste na gComóradh ..... 92
Coiste Stiúrtha Ghlasbhealach na Dothra ..... 93
Coiste Comhairleach Bainistíochta Ghleann na Life ..... 93
Coiste na Comhpháirtíochta Áitiúla um Shábháilteacht Pobail ..... 94
Aguisín 4 - An Fhoireann Ardbhainistíochta ..... 95
Táscairí an Phlean Chorparáidigh ..... 96

## Réamhfhocal an Mhéara

Ba onóir speisialta dom freastal mar Chéad Saoránach ar Bhaile Átha Cliath Theas. Bliain spreagúil agus thairbheach a bhí sa bhliain seo a chuaigh thart, ach thar aon ní eile, ba onóir ollmhór dom é caidreamh a dhéanamh leis an oiread sin daoine tiomanta agus inspioráideacha ar fud an chontae a chabhraíonn le háit ionchuimsitheach, bheomhar agus fháiltiúil a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Theas.

I gcaitheamh mo théarma go dtí seo, bhí deis agam roinnt tionscadal tógála a sheoladh go hoifigiúil, tionscadail a léiríonn tiomantas mór Chomhairle Contae Átha Cliath Theas do thithe a chur ar fáil dár gcónaitheoirí. Bhí áthas orm freastal ar roinnt léirithe iontacha ag Amharclann an Phobail, ina measc léiriúcháin le daoine dár pobail nua. Díol suntas ab ea saothar an Hopeful Theatre Group, buíon aisteoirí thar a bheith cumasacha, a ndeachaigh a léiriúchán faoi thaithí saoil dídeanaithe atá ag cur fúthu i dtír nua i bhfeidhm go mór orm. Fanfaidh a gcuid léirithe liom ar feadh i bhfad.

Bhain mé an-sult as fáilte a chur roimh scoileanna áitiúla chuig Seomra na Comhairle le haghaidh seisiún ceisteanna agus freagraí “Cuir Ceist Ar Bith Orm”, seisiúin a thug léargais agus oideachas do gach duine a bhí ann. Bhí áthas orm freastal ar ócáid in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin in ómós don iar-

Uachtarán, Mícheál D. Ó hUigínn, agus ba mhór an onóir dom bualadh leis an Uachtarán reatha, Catherine Connolly, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath freisin.

Bhí ríméad orm páirt a ghlacadh inár dtionscnamh cur crann i gcomhar le Stepping Stone Forests. Tugann na hoibrithe deonacha iontacha ar fud an chontae inspioráid dom i gcónaí, agus tá bróid orm a rá gur chuir mé roinnt mhaith crann ar fud Bhaile Átha Cliath Theas. Táim ag tnúth go mór le hiad a fheiceáil ag fás inár bpáirceanna sna blianta amach romhainn.

Ócáid thar a bheith sona a bhí in oscailt Chonair Sióg Pháirc Thigh Motháin in éineacht le leanaí scoile áitiúla. B'iontach an radharc é a n-aghaidheanna ag lasadh le háthas nuair a chonaic siad na dealbha adhmaid áille. Bhí sé de phléisiúr agam freastal ar roinnt mhaith imeachtaí spóirt ag Staid Thamhlachta agus ar fud an chontae freisin, agus táim ag tnúth le tacú le go leor imeachtaí eile amach anseo.

D'fhreastail mé ar raon leathan imeachtaí pobail inár líonra iontach leabharlann agus ba mhór an onóir dom na gradaim sparánachta spóirt bhliantúla a bhronnadh ar lúthchleasaithe áitiúla éirimiúla. Ní féidir barraíocht béime a chur ar thábhacht na ngradam sin, agus is tionscnamh thar a bheith dearfach agus éifeachtach de chuid na Comhairle iad.

I dtaca liom féin, b'onóir dom an tIonad Idirghlúine nua i bPáirc Thigh Motháin a oscailt go hoifigiúil. Bhí an tsaoráid seo de dhíth ar phobal Theach Mealóg ar feadh i bhfad, agus tá áthas orm a fheiceáil go bhfuil ag éirí thar cionn léi cheana féin.

Bhí sé de phribhléid agam na háiteanna i bPáirc Thigh Motháin a bhí dúnta mar gheall ar an Scéim um Maolú Tuilte a oscailt arís. Ócáid thar a bheith suntasach a bhí ann domsa, mar go bhfaca mé an scrios mór a rinne na tuilte in 2011. Ba shólás é go ndeimhneofar leis an scéim ríthábhachtach seo nach dtarlóidh a leithéid arís.

Cúis áthais agus onóra dom glacadh leis an ngradam Údarás Áitiúil na Bliana i mí na Samhna, thar ceann na bhfeidhmeannach, na mball foirne agus na gcomhairleoirí iontacha go léir sa Chomhairle. Ní féidir an iomad béime a chur

ar an dúthracht agus díograis a bhí i gceist leis an ngradam seo a bhaint amach. Ó toghadh mé chuig an gComhairle in 2009, tá an obair mhór a dhéanann baill foirne na Comhairle thar ceann an Chontae, obair nach bhfeictear i gcónaí, feicthe agamsa go leanúnach, agus bhí áthas orm an t-aitheantas a tugadh don obair sin a fheiceáil le linn mo théarma.

Leanfar den obair sin, gan dabht, agus táim ag súil, le dóchas agus díocas, le soláthar tionscadal agus pleananna eile a bhaineann le tithíocht, páirceanna, saoráidí AstroTurf, spásanna súgartha agus go leor eile.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le lucht bainistíochta agus baill foirne Chomhairle Contae Átha Cliath Theas as a dtacaíocht leanúnach i rith mo théarma go dtí seo. Táim ag tnúth le bheith ag comhoibriú leo go leanúnach lena chinntí go bhfanfaidh Baile Átha Cliath Theas mar an áit is fearr le bheith ag cónaí, ag obair, ag súgradh agus ag déanamh gnó ann.

# Réamhfhocal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Aidhm, Fís agus Misean

**Ár nAidhm**

Deis Níos Fearr do Chách

Is í ár n-aidhm a thugann le chéile muid. ‘Deis níos fearr do chách’ is ea ár ngealltanas – do dhaoine aonair, do phobail, agus don todhchaí. Ní sprioc amháin atá i gceist leis, ach bun agus barr gach a ndéanaimid.

Oibrímid chun deireadh a chur le bacainní, chun daoine a chumasú, agus cosáin chun cinn a chruthú, ar fíor-chosáin inmharthana iad. Gach lá, feidhmímid chun deis níos fearr a thabhairt do chách – mar nuair a thagann deis chun cinn, baineann gach duine tairbhe as.

**Ár bhFís**

Bheith mar áit a fhreastalaíonn ar riachtanais agus uaillmhianta gach duine i mBaile Átha Cliath Theas

Is léiriú intinne é ár bhfís. Is é an uaillmhian atá againn do thodhchaí ár n-eagraíochta agus ár gcontae: bheith mar áit a fhreastalaíonn ar riachtanais agus uaillmhianta gach duine i mBaile Átha Cliath Theas.

**Ár Misean**

Leagtar amach inár misean an chaoi a gcuirfimid ár bhfís i gcrích. Tá sé dírithe ar ghníomh, tá sé praiticiúil agus is féidir é a bhaint amach.

Nuair a éistimid go gníomhach lenár bpobail éagsúla, nuair a bhainimid leas as an teicneolaíocht agus nuair a smaoinímid go nuálach, cruthóimid contae a bhfuil teacht aniar ann a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae agus a bheidh ullamh don todhchaí.

Cothóimid tallanna ár lucht saothair oilte chun réitigh chuimsitheacha agus inbhuanaithe a bhaint amach.

# Eolas faoin gComhairle

Seachadann Comhairle Contae Átha Cliath Theas os cionn 800 seirbhís phoiblí aonair. De réir mar a dhéanaimid iarracht a bheith inár n-eagraíocht atá dírithe ar na daoine thar aon ní eile, is tosaíocht dúinn freisin seirbhísí a cheapadh lena mbíonn baint ag gach páirtí leasmhar. Tá réimse mór oibre ag an gComhairle freisin faoin gCreat Náisiúnta Pleanála agus Tionscadal Éireann 2040, ina measc tithíocht, iompar, agus forbairt pobail agus eacnamaíoch.

Trí chomhairliúchán agus trí éisteacht go gníomhach le cónaitheoirí, le pobail agus le custaiméirí, cuirfimid a gcuid riachtanas agus a gcuid eispéireas i

gcroílár gach rud a ndéanfaimid. Ar an mbealach sin tá súil againn iontaoibh agus muinín sa rialtas áitiúil a fhorbairt agus Baile Átha Cliath Theas a bheith mar áit iontach chun maireachtáil ann, chun cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann.

Féachaimid le bheith mar eagraíocht a chuireann an pobal chun tosaigh, atá réamhghníomhach agus a fhreastalaíonn ar ár bpobail uile anois agus sa todhchaí.

**Baile Átha Cliath Theas – Próifíl**

Tá Baile Átha Cliath Theas lonnaithe ag bun Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus cumhdaíonn sé achar thart ar 223 ciliméadar cearnach. Tá sé faoi theorainn chathair Bhaile Átha Cliath agus Fhine Gall ó thuaidh, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Contae Chill Mhantáin ó dheas agus Contae Chill Dara ag dul siar.

Bunaíodh CCÁCT an 1 Eanáir 1994 agus oibríonn sí ar fud an cheantair éagsúil seo atá ag fás, a bhfuil an Life ar an taobh ó thuaidh agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath ar an taobh ó dheas.

**An Daonlathas**

Déanann ár 40 comhalta tofa ionadaíocht ar seacht dtoghcheantar áitiúla. Toghadh iad i mí an Mheithimh 2024 agus beidh siad in oifig go dtí an chéad toghcháin áitiúil eile in 2029. Is comhalta tofa reatha (comhairleoir), agus céadsaoránach an chontae, é an Méara. Toghann na comhaltaí tofa an Méara agus an Leas-Mhéara araon ag an gcruinniú bliantúil.

Bhí cóimheas 50:50 d’ionadaithe tofa ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas in 2025; 20 bean agus 20 fear.

In éineacht leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann sé Choiste um Beartas Straitéiseach beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá comhaltaí tofa agus ionadaithe ó na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumainn ar na coistí.

**An Daonra**

De réir Dhaonáireamh 2022 tá daonra 301,075 duine ina gcónaí in 106,074 teach cónaithe. Sin méadú 8% ón daonáireamh roimhe sin in 2016. Tá an méadú sin ar chomhchéim leis na figiúirí náisiúnta.

**Déimeagrafaic**

Is é 36.6 bliain meán-aois na ndaoine a chónaíonn i mBaile Átha Cliath Theas, i gcomparáid le 38.8 bliain go náisiúnta. Tá daonra níos óige sa chontae agus líon níos ísle daoine scothaosta i gcomparáid leis an meán náisiúnta (13% vs. 15%).

Ní den náisiúntacht Éireannach iad 14% de na cónaitheoirí dar leo féin, céatadán atá níos airde ná an meán náisiúnta 13.4%, agus tá cúlra den phobal Lucht Siúil ag 5.9%.

Tá comharsanachtaí atá rachmasach agus faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí taobh le taobh i mBaile Átha Cliath Theas. Tá 7.3% den daonra i mBaile Átha Cliath Theas ina gcónaí i limistéir rachmasacha, i gcomparáid le 76.8% a chónaíonn i limistéir atá beagán faoi bhun an mheáin, 13.1% i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste, agus 2.74% i limistéir atá go mór faoi mhíbhuntáiste.

**Fostaíocht**

Tá 58% de na daoine fásta go léir atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas ag obair, is mic léinn 20% acu agus tá 15% acu ar scor. Ba é 8.7% an ráta dífhostaíochta foriomlán don chontae in 2022, figiúr atá i gcomhréir leis an meán náisiúnta. Tá rannpháirtíocht na bhfear sa lucht saothair níos airde ná i measc na mban i ngach aoisghrúpa. Is iad tráchtáil agus trádáil na hearnálacha is mó a n-oibríonn daoine iontu (28.4%, 38,964 duine) agus seirbhísí gairmiúla (24.7%, 33,900 duine).

**Oideachas**

Bhí an sciar den daonra a bhain céim/dioplóma iarchéime/PhD amach i bhfad níos airde in 2022 ag 26.7% i gcomparáid le 19.7% in 2011. Tá sé sin díreach faoi bhun an mheáin náisiúnta 27.6%.

**Teaghlaigh**

Idir 2016 agus 2022, chuir Baile Átha Cliath Theas 7,687 aonad nua tithíochta leis an stoc tithíochta iomlán, rud a chiallaíonn go bhfuil 106,074 aonad

tithíochta ann anois. Sin ráta fáis 7.81% atá níos airde ná an meán náisiúnta 5.41%. Tá úinéireacht tí sa chontae ar chomhchéim leis an meán náisiúnta. Tá 66% de theaghlaigh ina n-úinéirí ar a dteach (Daonáireamh 2022) agus tá teach ar cíos ag 16%. Sin i gcomparáid le 66% de theaghlaigh atá ina n-úinéirí ar a dteach go náisiúnta agus 28% a bhfuil teach ar cíos acu. Tá an ráta folúntas i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta agus beagnach 1 réadmhaoin amháin as gach 10 réadmhaoin (9%) folamh toisc go bhfuil na húinéirí i dteach altranais/ospidéal.

Tá sciar níos mó d'aonaid teaghlaigh i mBaile Átha Cliath Theas ag teaghlaigh aontuismitheora le leanaí, arb ionann é agus 17.3% de na teaghlaigh go léir, i gcomparáid le 14.6% go náisiúnta.

**An Ghaeilge**

Labhraíonn 33.8% den daonra Gaeilge, céatadán atá níos ísle ná an meán náisiúnta 37.7%.

# Ár bPríomhsheirbhísí

Soláthraímid raon seirbhísí, ina measc saoráidí, cláir, deontais agus imeachtaí, lena n-áirítear:

- Gníomhú ar son na haeráide agus an bhithéagsúlacht, seirbhísí comhshaoil, bainistiú móréigeandálaí, dramhaíl agus forfheidhmiú, clár um thaisteal gníomhach, bainistiú agus cothabháil na ríochta poiblí, agus uisce nádúrtha agus bainistiú tuilte.
- Tithíocht, lena n-áirítear an clár tithíochta sóisialta, leithdháiltí tithíochta, cothabháil agus athchóiriú, seirbhísí sóisialta, bainistiú eastát
- Forbairt eacnamaíoch, tacaíocht d'fhiontraithe, cur chun cinn an chontae i gcomhair bainistiú sócmhainní infheistíochta, cur chun cinn an chontae agus forbairt na turasóireachta
- Comhfhorbairt áite lena n-áirítear pleanáil chun cinn, bainistiú forbraíochta, rialú foirgníochta, pleanáil iompair, bainistiú agus sábháilteacht ar bhóithre, caomhnú oidhreachta agus ailtireachta

- Forbairt pobail, sábháilteacht pobail, tionscnaimh aoisbháúla, lánpháirtithe agus cuimsithe shóisialta, cláir spóirt, tionscnaimh sláinte agus folláine
- Forbairt na n-ealaíon agus an chultúir, fóillíocht agus áineas, seirbhísí leabharlainne, féilte agus imeachtaí, cur chun cinn na Gaeilge
- Clár na dtoghthóirí, toghcháin áitiúla, tacaíocht do struchtúir na comhairle agus rannpháirtíocht shibhialta, seirbhísí do chustaiméirí, rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais, AD, TF, seirbhísí dlí agus ailtireachta

Tá na seirbhísí agus tacaíochtaí sin mar bhonn taca leis an saol ó lá go lá agus cabhraíonn siad leis an gcontae aghaidh a thabhairt go muiníneach ar an todhchaí.

## Cruinnithe na Comhairle

Bhí 95 cruinniú den Chomhairle iomlán, den Choiste um Eagrú, Nós Imeachta agus Airgeadas, den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus de na Coistí Ceantair ag a raibh:

- 11 Chruinniú den Chomhairle
- Cruinniú Bliantúil amháin
- 3 Chruinniú Speisialta den Chomhairle Contae
- Cruinniú amháin maidir leis an mBuiséad Bliantúil
- Sé Chruinniú den Choiste um Eagrú, Nós Imeachta agus Airgeadas (lena n-áirítear 1 Chruinniú Speisialta ar Bhuiséad)
- 11 chruinniú den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh
- Bhí 18 gcruinniú thar na sé Choiste um Beartais Straitéiseacha
- 4 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta
- 10 gcruinniú den choiste ceantair i Ráth Fearnáin/Teach Mealóg/Teach na Giúise-Bóthar na Bruíne
- 10 gcruinniú den choiste ceantair i gCluain Dolcáin, sa Chaisleán Nua, i Ráth Cúil, agus i dTeach Sagard/sa Bhriotás

- 10 gcruinniú den choiste ceantair i Leamhcán/Baile Phámar/Cluain Dolcáin Thuaidh
- 10 gcruinniú den choiste ceantair i dTamhlacht

## Coistí um Beartais Straitéiseacha

Tá ról reachtúil ag an nGrúpa Beartais Chorparáidigh chun an chaoi a ndéantar obair a leithdháileadh agus a chomhordú sna coistí um beartais straitéiseacha a mholadh. Seo a leanas na cláir oibre cheadaithe don sé CBS:

**CBS um na hEalaíona, Cultúr, An Ghaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna**

**Cathaoirleach: An Comh. Louise Dunne**

**Stiúrthóir: Jason Frehill (Eanáir – Lúnasa)**
**Lorna Maxwell (Meán Fómhair– Nollaig)**

- Cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Leabharlainne
- Leabharlanna Bhaile Adaim agus Bhaile Átha Cliath Thiar - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar thionscadail
- Mo Leabharlann Oscailte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i mbrainsí
- Ról Éire Ildánach, Cruinniú na nÓg, Music Generation, etc. i bhforbairt na n-ealaíon agus an chultúir sa Chontae
- Tuarascálacha agus Uasdátuithe an Choiste Stiúrtha um Ealaín Phoiblí
- Forbairt agus cur chun cinn Plás Pharthaláin
- Tacú le ról agus forbairt Rua Red agus Amharclann an Phobail
- Ionad Oidhreachta Thamhlachta - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar thionscadail
- Cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae nó aon Phlean eile (a thiocfadh ina áit)
- An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030 (mír leanúnach lena phlé agus lena nuashonrú)
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Forbartha Ealaíon ReFrame 2022 – 2026
- Imeachtaí, Féilte agus Lárionaid
- Cruinnithe/ceardlanna i gcomhar le CBSanna eile faoi théamaí trasearnála, lena n-áirítear:

1. Straitéis Turasóireachta agus Geilleagair Oíche (CBS EETD)
2. Ról an Údaráis Pleanála Reachtúil i ndáil le hOidhreacht agus Caomhantas (CBS LUPT)

**CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireacht**
**Cathaoirleach: An Comh. Vicki Casserly**
**Stiúrthóir: Jason Frehill**

- Cur i bhfeidhm Phlean Forbartha na hOifige Fiontair Áitiúil
- Caisleán na Gráinsí – Forbairt sa todhchaí, máistirphlean, margaíocht agus rannchuidiú le Forbairt Gheilleagrach an Chontae
- Work IQ - Uasdátuithe oibríochtúla
- Oifig Fiontair Áitiúil - Staidéir Indéantachta agus Deontais a Chabhróidh le Túsghníomhaíochtaí
- Uasdátuithe ar thionscadal agus forbairt Mhol Bia Bhaile Átha Cliath Theas
- Straitéis Geilleagair Oíche Thamhlachta agus athbhreithniú gaolmhar ar an gCiste Tacaíochta Gnó
- Uasdátuithe ar an gCiste Tacaíochta Gnó
- Máistirphlean don 12ú Loc - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar an tionscadal
- Cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireacht Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2024 - 2029, lena n-áirítear tionscadail turasóireachta ag Sléibhte Bhaile Átha Cliath, Clóis Chaisleán Ráth Fearnáin agus Teach Leamhcáin, etc.
- Staid Thamhlachta a fhorbairt agus níos mó úsáide a bhaint aisti
- Uasdátuithe ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail
- Straitéis Eacnamaíochta an Chontae a ullmhú
- Uasdátuithe ar Phlean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- Cruinnithe/ceardlanna le CBSanna eile faoi bheartais leathana

**CBS um Chomhshaol, an Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide**

**Cathaoirleach: An Comh. Brian Lawlor (Eanáir - Meitheamh)**
**An Comh. David McManus (Iúil - Nollaig)**

**Stiúrthóir: Teresa Walsh**

- Clár oibreacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (EPA agus Tosaíochtaí WERLA)
- An Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte 2025 - 2029
- An Geilleagar Ciorclach agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil
- Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAF)
- Uasdátuithe ar Scéimeanna um Fhaoiseamh ó Thuilte agus Uisce Dromchla
- Uasdátuithe ar chur i bhfeidhm na Straitéise Páirceanna Spóirt
- Clár na bPailliún Spórt
- Straitéis Luchtaithe FL Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath
- Uasdhátuithe ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029
- Scéim
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola Náisiúnta le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024 - 2030
- Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath um Thorann Comhshaoil 2024 – 2028
- Plean Gníomhaíochta Uisce
- Athbhreithniú ar an mBeartas um Bainistíocht Crann 2021-2026
- Athbhreithniú ar an bPlean um Pailneoirí 2021-2025 agus ar an bPlean um Pailneoirí 2026-2029
- Dícharbónú foirgneamh - An clár DeliveREE
- Dréacht Athbhreithnithe ar Fhodhlíthe Corrthrádála
- Staidéar Indéantachta ar Dhíleá Anaeróbach
- An Rud is Súgradh Ann – Beartas Súgartha CCÁCT

**CBS um Thithíocht**
**Cathaoirleach: An Comh. Mick Duff**
**Stiúrthóir: Elaine Leech**

- Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta 2022-2026
- Tithíocht Inacmhainne agus Scéimeanna Costais Cíosa
- Tithíocht Aoisbháúil
- Leithdháiltí agus Riachtanas Tithíochta (lena n-áirítear athbhreithniú ar an Scéim Leithdháilte)
- Cur i bhfeidhm an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029
- Cláir um Iarfheistiú Fuinnimh, Cothabháil Bheartaithe agus Folúis
- An Straitéis Iompair Fhrithshóisialta/Sábháilteachta Pobail 2025-2029
- An Straitéis Rannpháirtíochta Tionóntaí 2025-2029
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027
- Scéimeanna um Thithe Folmha
- Cumarsáid, Sonraí agus Córais Tithíochta

**CBS maidir le Talamhúsáid, Iompar agus Pleanáil**
**Cathaoirleach: An Comh. Teresa Costello (Eanáir - Feabhra)**
**An Comh. Yvonne Collins (Márta - Nollaig)**
**Stiúrthóir: Eoin Burke**

- Plean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin
- Tosach feidhme Phlean Forbartha Contae 10 mbliana nua 2028-2028 (lena n-áirítear Anailís ar Thailte Eacnamaíocha agus Fostaíochta)
- An Beartas um Thochailt Amháin (Cothabháil Bóithre)
- An Beartas um Shoghluaisteacht HGVanna
- Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais – cur i bhfeidhm agus treoir um theorainn luais uirbeach
- Taisteal Gníomhach – lena n-áirítear uasdátú agus athbhreithniú ar Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas
- Taisteal Gníomhach – Sráideanna Ciúine
- Taisteal Gníomhach – Criosanna Scoile Sábháilte

- Cur i bhfeidhm céimnithe an Achta nua um Pleanáil agus Forbairt 2024
- Scéim do Ranníocaíocht Forbartha
- Uasdátuithe ar an mBeartas um Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh
- An Beartas um Ghlacadh Faoi Chúram
- Treoirlínte maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha (i gcomhar le CBS EWCC)
- Uasdátú ar an mBeartas Tithíochta Tuaithe
- Treoirlínte maidir le Forfheidhmiú Pleanála

**CBS maidir le Cúrsaí Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Lánpháirtithe**
**Cathaoirleach: An Comh. Emma Murphy**
**Stiúrthóir: Elaine Leech (Eanáir– Bealtaine)**
**Lorna Maxwell (Meitheamh – Nollaig)**

- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030
- Baile Átha Cliath Theas Gníomhach, Plean Áitiúil Spóirt a chur i bhfeidhm
- Áiseanna Fóillíochta agus Pobail - Clár Caipitil, Straitéis agus Rialachas
- Deontais Phobail agus Spóirt (lena n-áirítear Sparánacht Spóirt nua)
- Tionscnaimh um Fhorbairt Pobail, Cuimsiú Sóisialta agus Sláinte agus Folláine
- Clár Oibre Chomhairle na nÓg 2025
- Straitéis Lánpháirtithe 2025-2029
- Scéim Phíolótach um Shráidbhaile Oiriúnach don Uathachas 2025
- Straitéis Aoisbháúil Bhaile Átha Cliath Theas 2025-2029

## Comhaltaí na Comhairle

### CBS um na hEalaíona, Cultúr, An Ghaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna

**Comhaltaí na Comhairle**

- Louise Dunne (Sinn Féin) (Cathaoirleach)
- Darragh Adelaide (Pobal Roimh Bhrabús)
- Sarah Barnes (Fine Gael)
- Dean Donnelly (Neamhspleách)
- Glen Moore (Irish Freedom Party)
- Eoin Ó Broin (Daonlathaigh Shóisialta)

**Comhaltaí Earnála**

- Emma Kennedy – Gnó, Tráchtáil
- Noel Gavin - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- Yemi Ojo - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- Elaine Vince O'Hara - BOO

### CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireacht

**Comhaltaí na Comhairle**

- Vicki Casserly (Fine Gael) (Cathaoirleach)
- Shane Moynihan (Fianna Fáil)
- Justin Sinnott (Daonlathaigh Shóisialta)
- Ronan McMahon (Neamhspleách)
- Shirley O'Hara (Fine Gael)
- Pamela Kearns (Lucht Oibre)
- Paddy Holohan (Neamhspleách)
- Liona O'Toole (Neamhspleách)

**Comhaltaí Earnála**

- Simon Van Lonkhuyzen – Gnó, Tráchtáil (thar lear)
- Harry Simpson – Gnó, Tráchtáil (dúchasach)
- Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann
- Lisa Rowntree – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Praslachan Shuncála – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
An Dr Miriam O'Donoghue – TUD Thamhlachta

## CBS maidir leis an gComhshaol, an Ríocht Phoiblí agus an tAthrú Aeráide

**Comhaltaí na Comhairle**

Brian Lawlor (Fine Gael) (Cathaoirleach)
Linda de Courcy (Independent Ireland)
Trevor Gilligan (Fianna Fáil)
Róisín Mannion (Sinn Féin)
Lynn McCrave (Fine Gael)
Dermot Richardson (Neamhspleách)
Francis Timmons (Neamhspleách)

**Comhaltaí Earnála**

Peter Lantry – Gnó, Tráchtáil
Benedict Chukwurah - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

## CBS um Thithíocht

**Comhaltaí na Comhairle**

Mick Duff (Neamhspleách) (Cathaoirleach)
Caroline Brady (Fine Gael)
William Carey (Sinn Féin)
Adam Smyth (Fianna Fáil)
Madeline Johansson (Pobal Roimh Bhrabús)
Joanna Tuffy (Lucht Oibre)
Britto Pereppadan (Fine Gael)

**Comhaltaí Earnála**

Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann
Motuba Misori – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) (Cuimsiú Sóisialta)

Krystyna Zalewska - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) (Pobal)
Isabelle Gallagher – Forbairt, Tógáil

## CBS maidir le Talamhúsáid, Iompar agus Pleanáil

**Comhaltaí na Comhairle**

Yvonne Collins (Fianna Fáil) (Cathaoirleach)
Brian Lawlor (Fine Gael)
Paddy Cosgrave (Lucht Oibre)
Niamh Fennell (Sinn Féin)
Helen Farrell (Neamhspleách)
Jess Spear (Pobal Roimh Bhrabús)

**Comhaltaí Earnála**

Fergus Sharp – Gnó, Tráchtáil
Sean O'Neill – Forbairt, Tógáil
Eoin Ahern – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
An tUas. Freda Manweiler - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

## CBS Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Lánpháirtithe

**Comhaltaí na Comhairle**

Emma Murphy (Fianna Fáil) (Cathaoirleach)
Niamh Whelan (Sinn Féin)
Kay Keane (Pobal Roimh Bhrabús)
Alan Edge (Neamhspleách)
Baby Pereppadan (Fine Gael)
Alan Hayes (Neamhspleách)

**Comhaltaí Earnála**

Emily Smartt - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
Daire Hennessy - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Noel Gavin – Gnó, Tráchtáil

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

**Comhaltaí an Údaráis Áitiúil**

Edel Clancy - CCÁCT
Lorna Maxwell (Meitheamh-Nollaig) - CCÁCT
Elaine Leech (Eanáir - Bealtaine) - CCÁCT
Thomas Rooney - Oifig Fiontair Áitiúil
An Comh. Yvonne Collins (Fianna Fáil)
An Comhairleoir Sarah Barnes (Fine Gael)
An Comh. Alan Hayes (Neamhspleách)

**Gníomhaireachtaí Stáit**

Margaret McQuillan - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Eugene Donnelly - An Roinn Coimirce Sóisialaí

Valerie Hogg (Leas-Chathaoirleach) - Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

**Príobháideach – Leasanna Neamhreachtúla**
**Forbairt Áitiúil agus Pobail**

Simon Monds - Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas

**Leasanna Sochaí Sibhialta/Pobail Áitiúil**

Tricia Nolan, Cathaoirleach - Ionad Oibrithe Deonacha Chontae BÁC Theas
Andy Leeson - Foróige
An Dr Noel McCarthy - Ionadaí Pobail
Helena Fitzgerald - Ionadaí Pobail

**Colún Pobail agus Deonach**

John Conroy - Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Pobail

Sean Farrell - Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Pobail

**Colún um Chuimsiú Sóisialta**

Sharon Harty - Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún um Chuimsiú Sóisialta
Noreen Byrne - Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún um Chuimsiú Sóisialta

## An Coiste Iniúchóireachta

- Martin Nolan, (Cathaoirleach) Ceann Comhlíontachta, Bright Software Group
- Ann Horan, Cathaoirleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- George Kennington, Iniúchadh is Comhpháirtí, Crowe Ireland
- Eilís Quinlan, Quinlan & Co Chartered Accountants
- An Comh. Caroline Brady (Fine Gael)
- An Comh. Joanna Tuffy (Lucht Oibre)

## Cur i bhFeidhm an Dualgais maidir leis an gCreat um Chomhionannas agus Chearta an Duine

Tá forbhreathnú thíos ar an Dualgas maidir leis an gCreat um Chomhionannas agus Cearta an Duine

- Foilsíodh Creat uasdátaithe um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí i gcomhréir le treoir ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

- Leanadh le cur i bhfeidhm an Dualgais maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na

hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, chun comhionannas agus cearta an duine a neadú i ngach feidhm, beartas agus seirbhís.
- Rinne Meitheal Thras-rannach maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine maoirseacht ar an gcur i bhfeidhm sin, agus comhordú ar an bPlean Gníomhaíochta bliantúil, agus ar phróisis agus tuairisciú an Mheasúnaithe Tionchair maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine (EHRIA).

**Beartais agus Measúnuithe Tionchair maidir le Comhionannas**

- An Plean Gníomhaíochta don Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí le haghaidh 2025 curtha i bhfeidhm.
- Measúnuithe Tionchair maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine curtha i gcrích ar na nithe seo a leanas:
    - Gnás Feistis
    - Beartas maidir le Soghluaisteacht agus Aistriú Foirne
    - An Creat maidir le Pleanáil Comharbais
    - An Scéim um Chomhroinnt Oibre
    - An Straitéis Rannpháirtíochta Tionóntaí

**Tionscnaimh um Inrochtaineacht agus Cuimsiú**

- Óstáladh an tSeachtain Inrochtaineachta (3–10 Nollaig), lenar áiríodh:
    - Seoladh comhpháirtíocht le *As / Am* chun creidiúnú mar Sholáthraí Seirbhísí Oiriúnacha don Uathachas a bhaint amach
    - Clár cumarsáide dátheangach a thabhairt isteach i Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh
    - Ceapadh Oifigeach Rochtana nua
    - Cuireadh tuairisciú ar inrochtaineacht chonairí chun cinn
    - Cuireadh saoráidí sláintíochta Changing Places agus trealamh giom faoin aer ar taispeáint
- Seoladh an Creat uasdátaithe maidir leis an Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine.

- Rinneadh dul chun cinn ar scéim phíolótach chun creidiúnú a bhaint amach do Halla an Chontae mar áit Oiriúnach don Uathachas, lenar áiríodh iniúchadh céadfach, léarscáil chéadfach agus treoir amhairc.
- Rinneadh an Lá Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chomóradh, chun tacú le tuiscint na foirne ar chultúr na mBodhar agus chun rochtain ar sheirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil dóibh.
- Glacadh páirt i Make Way Day chun feasacht ar inrochtaineacht cosán a ardú trí fheachtasaíocht phoiblí.

**Infheistiú in Inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch**

- Leithdháileadh €100,000 ar Phlean Oibre um Chomhionannas agus Rochtain, lena n-áirítear iniúchtaí inrochtaineachta ar fud na tíre.
- Cuireadh €400,000 ar leataobh le haghaidh oibríocha inrochtaineachta cosán agus €1.9 milliún le haghaidh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí, agus prionsabail um dhearadh uilíoch á n-úsáid.
- Soláthraíodh tacaíochtaí tithíochta, lena n-áirítear deontais do thionóntaí faoi mhíchumas agus maoiniú le haghaidh oiriúnuithe, áiseanna soghluaisteachta agus deisiúcháin riachtanacha.

**Cumarsáid Inrochtana agus Folláine**

- Cuireadh inrochtaineacht i gcroílár bhranda nua na Comhairle, lena n-áirítear cló inrochtana a bhfuil gradaim faighte aige agus tuin chainte níos soiléire.
- Oiliúint i mBéarla Simplí curtha ar an bhfoireann chun tacú le cumarsáid phoiblí inrochtana.
- Cuireadh folláine na foirne chun cinn trí thionscnaimh maidir le sláinte, feasacht ar ailse agus feasacht ar uathachas.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht**

- Foilsíodh Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025, lenar léiríodh bearna phá dhiúltach idir na hinscní.

- Tugadh tacaíocht do Chácas na mBan, lena n-áirítear cruinnithe agus ócáid “Mná a Chumhachtú” i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Fiontair Áitiúil.
- Leanadh leis an Sparánacht d’Ealaíontóirí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, chun tacú le hamharclannaíocht phobail le hiarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus chun Hopeful Theatre a fhorbairt.

**Leabharlanna agus Cuimsiú Pobail**

- Rinneadh Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh i Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas le cainteanna, ceardlanna agus imeachtaí cultúrtha.
- Leathnaíodh an clár Baile Átha Cliath Theas Néara-Éagsúil, le tacaíochtaí céadfacha, cainteanna, podchraoltaí agus sainbhailiúchán bréagán.

**Lánpháirtiú agus Tacaíocht Phobail**

- Soláthraíodh seirbhísí tríd an bhFoireann Lánpháirtithe Údaráis Áitiúil, agus tugadh tacaíocht do dhídeanaithe, d’iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do Thairbhithe Cosanta Sealadaí.
- Reáchtáladh an Ciste Aitheantais Pobail, a thug tacaíocht do 17 dtionscadal ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.
- Óstáladh imeachtaí ag Seachtain na nDídeanaithe, tionscnaimh ag Lá Domhanda na dTeifeach agus Aonach Post uile-Chomhairle.

**Baile Átha Cliath Theas Gníomhach**

- Soláthraíodh cláir ionchuimsitheacha gníomhaíochta coirp do leanaí in Ionaid Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) agus do leanaí faoi mhíchumas.
- Tacaíodh le ceachtanna snámha i scoileanna DEIS agus cuireadh cláir ghníomhaíochta saor in aisce ar fáil do phobail agus do dhaoine óga i rith na bliana.

# Dul chun cinn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Reachtaíocht maidir leis an nGaeilge

**Gearáin maidir leis an nGaeilge**

Tugadh gearán amháin ó Oifig an Choimisinéara Teanga chun críche agus tá breithniú fós á dhéanamh ar cheithre cinn. Deimhníodh d'Oifig an Choimisinéara Teanga go bhfuil próiseas athbhreithnithe ar bun maidir le comharthaíocht agus tá an próiseas sin fós ar siúl.

Fógraíocht i nGaeilge

Le hAlt 10.1A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí an méid seo a leanas:
(a) ar a laghad 20 faoin gcéad d'aon fhógraíocht a dhéanann an comhlacht i mbliain ar bith a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, agus
(a) ar a laghad cúig faoin gcéad d'aon airgead a chaitheann an comhlacht ar fhógraíocht i mbliain ar bith a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge
sna meáin Ghaeilge.

I gcomhréir le ceanglais arna leagan síos ag Oifig an Choimisinéara Teanga, tuairiscímid gach bliain ar chomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla i ndáil le fógraíocht. Tá feidhmíocht na bliana leagtha amach thíos:
Baineadh amach 27.33% maidir le fógraí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge (déantar é sin a thomhas de réir meánmhéid i gcatagóir de na meáin, agus déantar infheictheacht na Gaeilge ar na cainéil éagsúla a ndearnamar fógraíocht orthu a thomhas).

Baineadh amach 7.14% maidir leis an méid airgid a caitheadh ar fhógraíocht sna Meáin Ghaeilge (is é sin, meáin ina bhfuil níos mó ná 50% den ábhar i nGaeilge).

Scaipeadh treoir oideachasúil agus treoir maidir le comhlíonadh i ndáil le ceanglais fógraíochta ar an bhfoireann, ina raibh faisnéis uasdátaithe ó Oifig an Choimisinéara Teanga faoi eagraíochtaí meán Gaeilge.

# Gradaim agus Éachtaí na Comhairle

## Gradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann don Sármhaitheas sa Rialtas Áitiúil

Bhí ríméad orainn a bheith ainmnithe mar Údarás Áitiúil na Bliana i mí na Samhna. Bhuamar na catagóirí seo a leanas freisin:

- Timpeallacht Inbhuanaithe agus Bithéagsúlacht: *Balancing Green and Growth [Cothromaíocht a bhaint amach idir Glas agus Fás]: Delivering Sustainable Development and Protecting Biodiversity [Forbairt Inbhuanaithe a Sholáthar agus Bithéagsúlacht a Chosaint]*—a léirigh ár ngealltanas chun an dúlra a chosaint agus tacú le forbairt inbhuanaithe ag an am céanna.
- Cumarsáid agus Margaíocht: *Cosaint Idirnáisiúnta: Fact and Fiction* — a léirigh ár gceannaireacht trí chumarsáid shoiléir agus inrochtana a thugann cumhacht agus eolas dár bpobail éagsúla.

Cuireadh ar an ngearrliosta muid le haghaidh na tionscadail seo a leanas:

- Tionscnamh Aoisbháúil: Baile Uí Ruáin: Pobal Aoisbháúil a Chuimsíonn Daoine le Néaltrú
- Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht: Sa tóir ar Chomhionannas Inscne sa Rialtas Áitiúil
- Sláinte agus Folláine: Fóram um Shábháilteacht Shóisearach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha: Áirse Íle: Caomhnú na hOidhreachta trí Dhearadh na Ríochta Poiblí
- Nuálaíocht in Údaráis Áitiúla: Samhail Seachadta Chluain Buiríosa – Nuálaíocht Straitéiseach le haghaidh Fás Inbhuanaithe

- Forbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn: Work IQ, Ionad Nuálaíochta le haghaidh Teicneolaíocht agus Fás Fiontair
- Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe: Pobail a Nascadh trí Pháirceanna i dTamhlacht Thiar a Athghiniúint

## Gradaim an Bhrait Ghlais faighte ag ocht bpáirc i mBaile Átha Cliath Theas

Is tagarmharc cáilíochta idirnáisiúnta é Gradam an Bhrait Ghlais lena dtugtar aitheantas agus moladh as páirceanna agus spásanna glasa ardcháilíochta a chur ar fáil. Áirítear leis seo páirceanna a fuair an Brat Glas cheana féin;

- Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin
- Páirc Sheáin Bhreathnaigh
- Páirc Thigh Motháin,
- Páirc Bhaile Uaitéir
- Páirc Chorcaí

Bronnadh gradaim nua an Bhrait Ghlais orainn as trí pháirc i dTamhlacht Thiar;

- Páirce Ráth Miontáin
- Páirc Bhaile an Fhaoitigh
- Páirc Chill an Ardáin.

Fuaireamar ardmholadh sa ghradam pailneoirí freisin as Páirc Thigh Motháin agus Páirc Bhaile Uaitéir.

## Gradaim LAMA um Pobail agus Comhairlí Uile-Éireann

Commented [RM1]: Look at 2024 LAMA awards held in 2025

Bhuamar dhá chatagóir ag searmanas 2025:

- Buaiteoirí an Ghradaim um Dhícharbónú Fuinnimh na nÚdarás Áitiúil - Scéim Téimh Ceantair Heatworks
- Buaiteoirí an Ghradaim Tionchair Náisiúnta - Cluain Buiríosa: Fís Chlaochlaitheach agus Samhail um Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe

Cuireadh ocht gcinn dár gcuid tionscadal ar an ngearrliosta sna catagóirí seo a leanas le haghaidh ghradaim 2026:

- Comhairle na Bliana
- An Mol Is Fearr don Fhiontraíocht agus do Ghnólachtaí Nuathionscanta: Work IQ
- Na Feabhsúcháin Is Fearr ar Scála Pobail: Bealach Glas na Canálach Móire
- Na Tionscadail Chaipitil Chlaochlaitheacha Is Fearr: Athghiniúint Pháirc Chorcaí
- An Gradam um Áiteanna Poiblí a Athshamhlú: Plás Pharthaláin
- An Bonneagar Inbhuanaithe agus Gníomhú ar son na hAeráide Is Fearr: Árasáin Nuálaíochta
- Tionscnamh um Fholláine an Phobail: Athghiniúint na bPáirceanna i dTamhlacht Thiar
- An Tionscadal CSR Is Fearr sa Phobal: Ciste Pobail Tesco Ireland

## Gradaim Pleanála Institiúid Pleanála na hÉireann

- Bhuaigh an tIonad Nuálaíochta Work IQ an gradam do Thionscadal Tráchtála.
- Cuireadh ar an ngearrliosta muid le haghaidh gradaim sna catagóirí Athghiniúint Uirbeach, Taighde agus Nuálaíocht, agus Údarás Pleanála na Bliana freisin.

### Gradaim Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

- Bhí áthas orainn gradam RIAI a bhuachan sa chatagóir Ionad Oibre agus Feistiú le haghaidh Work IQ.
- Fuaireamar moladh sa chatagóir Dearadh Uilíoch le haghaidh Chúirt Mhic Bhrádaigh.

### Gradaim IDI (Institiúid Dearthóirí Éireann)

Fuair Image Now aitheantas ag Gradaim IDI as a chuid oibre uile ar bhrandáil CCÁCT.

- Bhuaigh Seoladh Branda CCÁCT an gradam *Creative Practice and Collaboration – Use of Copywriting in Design.*
- Fuair na clónna Sans CCÁCT agus Display CCÁCT an gradam *Creative Practice and Collaboration – Typogrophy and Lettering.*

### Fostóir le Creidiúnú FGL

- Tá an deimhniú uasta trí bliana mar Fhostóir le Creidiúnú FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) ó Innealtóirí na hÉireann faighte againn arís.

## Soláthar an Phlean Soláthair Seirbhíse

Léiríonn na seacht sprioc seo a leanas ár n-uaillmhianta chun an saol a fheabhsú inár bpobail, chun ár ngeilleagar a neartú agus tacú lenár dtimpeallacht trínár bPlean Corparáideach a chur i bhfeidhm. Tá roinnt straitéisí gaolmhara ag gabháil le gach sprioc agus astu sin cruthaítear ár bplean gníomhaíochta foriomlán do na chéad cúig bliana eile. Tugtar thíos an méid a baineadh amach faoi na seacht sprioc sin in 2025.

## Sprioc 1 Ceannaireacht Aeráide

**Contae ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Theas**

### Dul i gceannas ar an aistriú cóir i dtreo neodrachta

- Leagtar amach inár bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024-29 na bearta maolaithe, oiriúnaithe agus beartaithe eile um ghníomhú ar son na haeráide chun contae ísealcharbóin inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú. Leanadh leis an obair i dtreo na gceithre phríomhsprioc dár bplean i rith na bliana.
- Léiríonn na figiúirí is déanaí a deimhníodh feabhsú 44.2% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 43.5% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána (leictreachas agus díreacha) i gcomparáid le bonnlíne 2018.
- Tá dul chun cinn déanta ar 87% de na 129 gníomh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.
- Baineadh amach príomh-gharspriocanna chun an lorg carbóin a laghdú i bhfoirgnimh faoi úinéireacht na Comhairle, lena n-áirítear dul chun cinn i dtreo conarthaí feidhmíochta fuinnimh nua i gcás sé cinn de na foirgnimh a úsáideann an méid is airde fuinnimh, agus conradh a dhámhachtain chun córais fhótavoltacha grianfhuinnimh a shuiteáil ag leabharlanna agus ionaid phobail. Tá dearadh mionsonraithe tugtha chun críche agus iarratais ar sholáthar leictreachais déanta don chéad 11 fhoirgneamh.
- Lean Téamh Ceantair Bhaile Átha Cliath Theas (ag trádáil mar Heatworks) le teas ísealcharbóin a sholáthar do chustaiméirí reatha faoi chéim a haon dár líonra téimh ceantair, a áiríonn foirgneamh Work IQ agus árasáin ar cíos de réir costais ag Cearnóg na Nuálaíochta. Tá an chéim sin tugtha chun críche anois agus thug an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil tacaíocht €4.9m ina leith. Suiteáladh píobáin don líonra téimh ceantair nuair a bhí an síneadh ar Bhóthar Airton á thógáil, chun freastal a dhéanamh ar naisc chuig téamh ceantair amach anseo.
- Tá an soláthar tugtha chun críche chun eagar fótavoltach grianfhuinnimh 200kw a shuiteáil ag Líonadh Talún Bhaile Artúir. Tá an leictreachas a ghinfear le húsáid mar chumhacht don chóireáil iarchúraim ag an tsaoráid.

- Suiteáladh araidí dlúthóra gréine i Ráth Fearnáin agus i dTamhlacht, agus tá sé beartaithe iad a shuiteáil i gCluain Dolcáin agus i Leamhcán freisin, chun an chéad 102 araid dlúthóra gréine a shuiteáil. Tá teicneolaíocht chliste agus acmhainn stórála níos airde ag na haraidí sin, agus tacóidh siad le seirbhísí bailiúcháin níos éifeachtúla as a leanfaidh lorg carbóin níos ísle don ghné seo dár n-oibríochtaí.
- Tar éis phróisis fhada sholáthair agus cheadaithe, bhíothas ag súil le ceadú deiridh ó Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) chun dul ar aghaidh le 50 suíomh luchtaithe feithiclí leictreacha poiblí ar fud na ceithre limistéar údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath, agus ceapadh conraitheoir réigiúnach chun na hoibreacha a dhéanamh.
- Tugadh isteach córas bainistíochta flít nua chun cothabháil agus sábháilteacht feithiclí a fheabhsú, agus chun sonraí tábhachtacha a chur ar fáil faoin tionchar atá ag ár bhflít ar an gcomhshaol, sonraí a úsáidfear mar bhonn eolais dár bpleananna chun an flít a aistriú agus a athsholáthar.
- Leanadh leis an aistriú flít agus tá tuairim is 66% de na feithiclí oiriúnacha ag úsáid Ola Glasraí arna Chóireáil le Hidrigin (HVO) anois. Is breosla díosail inbhuanaithe agus in-athnuaite é seo a fhaightear ó dhramh-olaí glasraí agus saillte. Thugamar soláthar chun críche le haghaidh raon veaineanna leictreacha agus lomairí maighdeoige leictreacha.
- Ghlacamar páirt i scéim phíolótach an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le cártaí Leap san ionad oibre chun spreagadh a thabhairt do na baill foirne a thiomáineann chun na hoibre úsáid a bhaint as iompar poiblí, agus rinneamar réamhchomhairliúchán margaidh maidir le mol taistil foirne inbhuanaithe a fhorbairt.
- Foilsíodh tairiscint maidir le raon rothar leictreach agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh leabharlann rothar a sholáthar.
- Chuir an coiste maidir le ceaintín inbhuanaithe deireadh le húsáid saicíní anlainn aonúsáide sa cheaintín i Halla an Chontae (is ionann sin agus deireadh a chur le húsáid tuairim is 32,500 saicín in aghaidh na bliana).
- Tugadh isteach an tionscadal reTree i gcomhar le Balsalm Hill, chun glacadh le crainn shaorga lena n-athchúrsáil ag tréimhse na Nollag a éascú.

- Rinneadh roinnt mhaith gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara maidir le Plean Forfheidhmithe Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin. D'oibríomar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan freisin chun oiliúint shaor in aisce san inbhuanaitheacht a chur ar fáil do ghnólachtaí sa chrios dícharbónaithe.
- Tugadh tacaíocht do raon tionscadal agus tionscnamh le maoiniú €360,000 don nuálaíocht aeráide.
- Cuireadh cosc ar 104,676 buidéal plaisteach féideartha le fuaráin uisce óil.
- Tá 68 ciliméadar, nó 48% den líonra beartaithe iomlán de Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas, curtha i gcrích nó á thógáil: Tá scéimeanna taistil ghníomhaigh curtha i gcrích sna limistéir seo a leanas: Glasbhealach na Dothra, Ascaill Ghort an Ime, Bóthar an tSeandroichid, Bóthar Theach na Giúise, agus Bóthar Ceangail Spawell (Glasbhealach na Dothra tugtha chun críche inár gceantar riaracháin ón Seanbhábhún go dtí Áirse Íle), céim a dó den Líonra Comharsanachta BÁC24 in Ascaill Bhaile Uí Chuilinn agus i gCéide Bhaile Uí Chuilinn agus ar feadh Bhóthar Chill na nInion, agus céim a haon de scéim Bhóthar Chaisleán Thigh Motháin ó Leabharlann Chaisleán Thigh Motháin go dtí Bóthar na nGlaschnoc.
- Bhí oibreacha ar siúl ag Bóthar Bhaile an Teampaill, Timpeallán Wainsfort agus Bóthar Ghleann an Dúin (ag nascadh Glasbhealach na Dothra agus raonta rothar a bhíodh ann ar Bhóthar Bhaile an Teampaill agus an Tiníl) agus céim a haon den Ghlasbhealach ón gCanáil Mhór go dtí Leamhcán, chun ceangal glasbhealaigh trí chiliméadar a sholáthar ón gCanáil Mhór go dtí an N4 ag Lána na hEascrach a bhíodh ann.
- Bhain 27 scoil tairbhe as criosanna scoile sábháilte, bealaí sábháilte chun na scoile nó feabhsuithe eile ar an taisteal gníomhach go dtí seo. Tugadh obair chun críche ag Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Ghleann an Ghrífín, ag Scoil Náisiúnta Naomh Rónáin, ag Pobalscoil Náisiúnta Thamhlachta, ag Bunscoil Naomh Áine, agus ag Scoil Shóisearach Chillín, agus tá scéimeanna á bhforbairt faoi láthair le haghaidh 15 scoil eile.
- Tá iniúchtaí déanta ag sainchomhairleoirí ar ár n-oifigí oibre, ar an gcaoi a n-úsáidtear iad, ar phatrúin oibre hibride, agus ar riachtanais

éifeachtúlachta fuinnimh, le bheith mar bhonn eolais d'oibreacha uasghrádaithe agus nuachóirithe beartaithe.

## Réadmhaoin agus bonneagar a chosaint ó thuilte

- Leanadh le scéimeanna um maolú tuilte a sholáthar. Tógadh struchtúr rialúcháin sreafa nua agus tugadh limistéar gaibhnithe uisce chun críche ag Páirc Thigh Motháin faoi scéim an Phoitéil. Is é an limistéar gaibhnithe uisce a thugann an phríomhthairbhe chosanta ar thuilte den scéim seo, mar is féidir suas le 65,000$m^3$ uisce a stóráil sa loch le linn teagmhas báistí, rud a mhéadaíonn an acmhainn sa chainéal abhann i dtreo bhéal na habhann. Tá os cionn 55% de na cosaintí ar thuilte suiteáilte ag scéim an Teampaill Ghil, agus tá tús curtha le samhaltú hiodrálach agus anailís ar scéim na Camóige.
- Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú rialta ar ár bPlean Bainistíochta Móréigeandála lena chinntiú go mbeifí réidh le déileáil go héifeachtach le rioscaí agus bagairtí atá ann cheana féin agus le cinn nua.
- Bunaíodh rannóg nua um Uisce Nádúrtha chun oibriú agus cothabháil líonraí uisce stoirme a bhainistiú, chomh maith le riosca tuilte agus cáilíocht an uisce a bhainistiú.
- Cuireadh tús le clár feabhsúcháin líonra uisce dromchla agus sainaithníodh an chéad tionscadal i staidéar ar uisce dromchla ag An Caisleán Nua, Ráth Cúil agus Teach Sagard.

## Teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis na pobail go léir agus iad a chur ar an eolas maidir le gníomhú ar son na haeráide, ar bhealach a bheidh inrochtana do chách

- Reáchtáladh 661 imeacht feasachta aeráide agus comhshaoil, lena n-áirítear 57 imeacht mar chuid den tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine.
- Thacaigh an chéad chéim de Chlár an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide le 28 tionscadal, lenar bhain maoiniú iomlán os cionn €1.1 milliún le haghaidh tionscadail phobail áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide. Cuireadh tús le céim a dó den chlár i mí Dheireadh Fómhair.

- Reáchtáladh an tsraith Lón agus Foghlaim don fhoireann agus don phobal i rith na bliana. D'fhreastail 428 duine ar 11 imeacht, ina measc Áireamhán Fuinnimh leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: Ceardlann faoi Ghníomhú ar son na hAeráide, Caifé Aeráide, Clinic Faisnéise Fuinnimh.
- Reáchtálamar feachtas "Laghdaigh d'Úsáid" chun ár mbaill foirne a spreagadh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus iad ag an obair.
- Ullmhaíodh sraith bileog faisnéise d'úinéirí tí mar chuid de shraith straitéisí i gcomhair fheasacht fuinnimh don earnáil chónaitheach.
- Sheolamar Mapa Scéala idirghníomhach agus suíomh gréasáin nua um ghníomhú ar son na haeráide a léiríonn gníomhartha ar son na haeráide, tionscadail agus obair le pobail. Rinneadh léarscáileanna poiblí agus taispeántais i stíl scéala a uasdátú, agus cuireadh ar líne agus ar scáileáin faisnéise don phobal iad, ionas go bhféadfaidh cónaitheoirí breathnú ar an gcaoi a bhfuilimid ag freagairt do shaincheisteanna amhail tuilte agus athrú comhshaoil. Cuireann siad sonraí níos fearr ar fáil freisin chun tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide a phleanáil.

## Ár mbonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú

- Leanamar le beartais a thacaíonn le bonneagar glas a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae agus sa Phlean Bithéagsúlachta. I measc gníomhartha gaolmhara tá Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDs), bainistiú Bogach Comhtháite Tógtha (ICWanna) agus cláir um bainistiú crann, talamh móinéir agus mionchoillearnaí.
- Tugadh ICW nua 2,000$m^2$ chun críche ar Abhann an Phoitéil i bPáirc Thigh Motháin (is bogach éadomhain ilcheallach é ICW a dhéanann aithris ar fheidhmeanna bitheolaíocha bhogaigh a tharlaíonn go nádúrtha chun cáilíocht an uisce a fheabhsú agus chun an bhithéagsúlacht a mhéadú.)
- Rinneadh staidéir ar inveirteabraigh ag ceithre ICW (i bPáirc Ghleann an Ghrífín, i bPáirc Thigh Motháin agus ag péire i bPáirc Ghleann na Dothra). Cruthaíodh bonnlíne láidir agus chomhaimseartha speiceas agus gnáthóg dá bharr, rud a chuirfidh ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar

threochtaí i bpobail, cluichreáin agus speicis atá neamhchoitianta agus faoi bhagairt. Sna staidéir sin, a thacóidh le bearta amach anseo a gcuirfear ar ár gcumas tuilleadh feabhais a chur ar ghnáthóga, sainaithníodh saibhreas maith speiceas feithidí. Chonacthas 68 speiceas a bhain leis na giolcacha arda, na seiscí (plandaí) agus na ciumhaiseanna lán luibheanna sna cealla ICW a ndearnadh suirbhé orthu. Chonacthas dhá speiceas neamhchoitianta de leamhain bhogaigh, an Leamhan Mianadóra Duille agus an Vuinsciú Coigile, le linn an tsuirbhé, agus bhain an dá cheann le plandaí an bhogaigh. Níor taifeadadh iad roimhe seo sa chontae.
- Rinneadh cothabháil ar 210 heicteár de thalamh móinéir bhithéagsúil.

## Tionscnaimh iompair inbhuanaithe agus inrochtana a chur chun cinn agus aistriú i dtreo a n-úsáide a chur chun cinn

- D’oibríomar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gconair bhus idir Gleann na Life agus lár na cathrach agus ar an gconair Bus Connects idir Tamhlacht/Cluain Dolcáin agus lár na cathrach.
- Leanamar d’idirchaidreamh a dhéanamh le hIarnród Éireann faoi phleananna don Scéim Iardheisceart DART+ agus labhraíomar ar son tús a chur le conraitheoir a fháil don tionscadal.
- Cuireadh tús le rannpháirtíocht le NTA agus le Bonneagar Iompair Éireann (TII) faoi straitéis iompair d’iarthar an chontae agus rinneadh comhairliúchán neamhfhoirmiúil faoi roghanna soláthair. Déanfar comhairliúchán foirmiúil faoi dhréacht-raon feidhme na straitéise agus faoin gcur chuige ina leith.
- Cuireadh trí stad bus nua in airde agus rinneadh dul chun cinn ar an dearadh le haghaidh 20 stad eile faoin gclár feabhsúcháin stadanna bus a bhfuil tacaíocht aige ón NTA.
- D’oibríomar go dlúth le TII chun dul chun cinn a dhéanamh ar thuarascáil indéantachta maidir le bealach tréscaoilteachta i Ráth Cúil agus maidir le scéim sábháilteachta an N81 sa Bhriotás.
- Tugadh obair dhearaidh chun críche le haghaidh acomhal nua ag Seanbhóthar Nangair le haghaidh fhorbairt Chill Chairbre.

- Rinneadh dul chun cinn ar aip chun infhaighteacht spásanna páirceála inrochtaineachta a chur in iúl.
- Rinneadh triail ar bhóthar le méid níos ísle carbóin ann a thógáil ar an gcuarbhóthar lasmuigh i gcomhar le Roadstone.
- Cuireadh 14 thionscadal maolaithe tráchta i bhfeidhm, ina measc rampaí moillithe agus feabhsúcháin ar acomhail.
- Soláthraíodh 22 trasrian coisithe nua nó uasghrádaithe.
- Rinneadh 1,876 aonad soilsithe poiblí a uasghrádú chuig LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de chun ídiú fuinnimh a laghdú. Is soilse LED iad 79.6% den chóras soilsithe phoiblí anois.
- Rinneadh suirbhé iomlán ar gach sócmhainn soilse tráchta chun feabhas a chur ar shainaithint na bhfadhbanna cothabhála agus chun sonraí iontaofa a chur ar fáil chun tacú le huasghráduithe bonneagair amach anseo.
- Deisíodh 1,049 solas tráchta agus rinneadh 11 acomhal agus 26 trasrian coisithe a uasghrádú chuig LED.
- Rinneadh cothabháil ar raonta rothar ar cheithre bhealach.
- Fuarthas 3,649 iarratas ar cheadúnais chun bóithre a oscailt agus ceadaíodh 3,326 díobh, is é sin ardú 15% ar an líon in 2024.
- Leanadh leis an obair chun bonneagar luchtaithe FL a chomhtháthú i bhforbairtí cónaitheacha nua.
- Ullmhaíodh straitéis iompair inbhuanaithe do Chluain Dolcáin mar chuid de Chreat Pleanála Áitiúil Chluain Dolcáin.

## Sprioc 2: Tithíocht ar Ardchaighdeán

### Tithe sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach duine a dteastaíonn siad uathu

**Raon tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán a sheachadadh do dhaoine a bhfuil gach cineál riachtanas tithíochta acu – ag cur san áireamh na riachtanais atá sonrach don éagsúlacht daoine agus fócas speisialta ar dhaoine gan dídean**

- Leanadh leis an dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) le seachadadh breis is 816 teach nua

sóisialta trínár gclár tógála dírí, Cuid V, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus deiseanna lándéanta, agus fógraíodh 156 teach nua ar phraghas réasúnta i mBruach na Canálach, Cill Chairbre agus Swiftbanks.

- I gCluain Buiríosa, tugadh 116 teach sóisialta agus inacmhainne chun críche ar Láithreán Leathnaithe na Canála. Cuireadh tús leis an tógáil ar 284 teach i nGairdíní na Ciseoige. Cuireadh iarratas pleanála Chuid 10 le haghaidh 1,252 teach faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála i mí Iúil. Fógraíodh soláthar ar leithligh trí idirphlé iomaíoch le haghaidh comhpháirtí dearaidh agus seachadta le haghaidh tuairim is 640 teach ag Ionad Uirbeach na Ciseoige.
- Tugadh an chéad fhorbairt chomhfhiontair i nGráinseach Chill Chairbre chun críche, agus tá an ceathrú céim beagnach críochnaithe. Tá 1,034 teach nua curtha ar fáil ag an gclár uaillmhianach seo faoin gcomhaontú bunaidh don fhorbairt, ina measc 310 teach sóisialta, 126 teach ar cíos de réir an chostais agus 50 teach inacmhainne. Tá dul chun cinn á dhéanamh de réir an chláir ar an gcúigiú céim, agus tá coinne leis go mbeidh na 88 teach sóisialta agus inacmhainne eile curtha i gcrích in 2026.
- Críochnaíodh comhaontú forbartha le comhpháirtithe comhfhiontair eile chun 635 teach nua a sheachadadh ag an bhforbairt mheasctha ag bunchnoic Chill an Ardáin. Cuireadh oibreacha cumasúcháin ar an láthair, measúnuithe seandálaíochta agus rochtain mhalartach shealadach ar Chlub Peile an Chroí Rónaofa i gcrích.
- Cuireadh an dréacht-mháistirphlean do thailte ag Ráth Cúil faoi bhráid chomhaltaí tofa i mí na Nollag. Moltar sa phlean go dtógfaí tuairim is 120 teach; 50% ina dtithe sóisialta, lena n-áirítear gnáth-thithe, tithe aoisbháúla agus tithe don Lucht Siúil go sonrach, agus 50% ina dtithe ar phraghas réasúnta. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair chun iarratas pleanála Chuid 10 a chur faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála in 2026.
- Leanadh leis na hoibreacha ar fhorbairtí tithíochta a fuair ceadú Chuid 8 / Alt 179A, agus tugadh tithe nua agus leithdháiltí chun críche ag Homeville agus tá cinn eile á dtógáil fós ag Faiche Aonghasa, Páirc an tSáirséalaigh, na hArda Alpacha, Ráth an Deagánaigh/Maolros, Páirc na bPiarsach agus Gort an Rosaigh. Tá ceadú Chuid 8 faighte ag forbairt 25

teach sóisialta nua ag Lána Stoicín agus tá an chéim mhionsonraithe dearaidh ar siúl anois.

- Fuarthas suíomh ag na Giúiseanna Bána Thoir ar Ascaill Stoicín tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an ciste náisiúnta d'údaráis áitiúla chun talamh a fháil, a fhaigheann tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta. Tá spás ar an suíomh le haghaidh tuairim is 240 teach sóisialta agus inacmhainne agus tá sé beartaithe againn iad a sholáthar in éineacht le saoráidí pobail don limistéar níos leithne.
- Cheapamar soláthraí seirbhísí maoine, sócmhainní agus bainistíochta eastát dár bhforbairt tithíochta ar cíos de réir costais ag Cearnóg na Nuálaíochta tar éis próiseas tairisceana. Fuarthas 2,560 iarratas incháilithe ar thionóntachtaí sna 133 teach nua.
- Faoinár gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-29, soláthraíodh grúpscéim tithíochta nua sa Chaisleán Nua ina bhfuil sé theach, trí chomhaontú Chuid V. D'aistrigh 15 theaghlach chuig suíomh cónaitheach sealadach de thithe soghluaiste sa Chiseog fad atá a dtithe nua á dtógáil i nGairdíní na Ciseoige.
- Fuarthas 118 iarratas ar Dheontas Athchóirithe Tithe Folmha. Ceadaíodh 112 díobh i bprionsabal agus íocadh 59 deontas le hiarratasóirí chun úsáid a bhaint as tithe folmha arís.

## Ár stoc tithíochta sa chomhairle a uasghrádú, lena n-áirítear cóiríocht don Lucht Siúil, chun a chinntiú go bhfuil sé sábháilte, slán, tíosach ar fhuinneamh agus dea-chóirithe

- Leanamar ag bainistiú agus ag coimeád ár stoic tithíochta ina bhfuil 10,554 agus 540 réadmhaoin léasaithe agus a fhaigheann tacaíocht in éineacht le 4,638 tionóntacht den Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus 661 tionóntacht den Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS).
- Leithdháileamar 187 réadmhaoin athligin gach 22.19 seachtaine ar an meán.
- Rinneadh suirbhéanna ar bhail an stoic ag 1,967 teach sóisialta.
- Cuireadh éilimh ar aghaidh chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar oibrithe uasghrádaithe ag 98 teach faoin gclár

iarfheistithe um éifeachtúlacht fuinnimh, agus rinneadh uasghrádú ag 217 teach eile faoinár gclár fuinneog agus doirse.

- Tugadh oibreacha um brath dóiteán, athsholáthar agus feabhsúchán chun críche i 468 teach, eisíodh pluideanna dóiteáin lena suiteáil i 113 teach nua, agus suiteáladh sriantáin fuinneoige i 208 teach faoinár gclár oibreacha slándála. Tá obair tugtha chun críche againn ar 147 réadmhaoin faoinár gclár péinteála seachtraí.
- Fuarthas 18,375 iarratas ar chothabháil tithíochta agus rinneadh 13,437 deisiúchán.
- Rinneadh iniúchadh ar threalamh sábháilteachta ó dhóiteán ar láithreáin chóiríochta don Lucht Siúil.

Commented [RM2]: Consistency with capital T or not.

## Pobail inbhuanaithe a chur chun cinn trí phleanáil úsáide talún athléimneach agus forbairt inbhuanaithe a chur i bhfeidhm

- Dul chun cinn mór ar athrú beartaithe ar Chur i bhFeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP): San áireamh sna Treoirlínte maidir leis na Riachtanais le haghaidh Fás ar Thithíocht (2025) bhí tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach a chur faoi bhráid na Comhairle agus próiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil a thabhairt chun críche.
- Cuireadh síneadh ama le Plean Ceantair Áitiúil Lár Bhaile Thamhlachta 2000 chun é a ailíniú le hamlíne an Phlean Forbartha Contae 2022-2028.
- Rinneadh comhairliúchán agus caidreamh áitiúil faoi dhréacht-Chreat Pleanála Áitiúil Chluain Dolcáin agus moladh é mar athrú ar an bPlean Forbartha Contae.
- Ullmhaíodh leasú neamhábhartha beartaithe ar Scéim Pleanála Chluain Buiríosa 2019 agus cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún Pleanála é.
- Léirigh sonraí ón monatóireacht ar an soláthar tithíochta gur tugadh 7,932 aonad cónaitheach chun críche ó tháinig an Plean Forbartha Contae i bhfeidhm, rud a chomhlíon na príomhspriocanna straitéiseacha. Tugadh 2,524 aonad chun críche agus bhí cóimheas 2.17:1 idir árasáin/tithe leathscoite agus tithe.
- Fuarthas 1,055 iarratas pleanála, lena n-áirítear 14 ar fhorbairt chónaithe ar mhórscála, agus cuireadh 688 comhlíonadh pleanála isteach.

- Cuireadh 85% de na hiarratais pleanála isteach ar líne trínár gcóras ríomhphleanála.
- Rinneadh 83 comhairliúchán réamhphleanála.
- Dheimhnigh an Coimisiún Pleanála 82% de na cinntí pleanála.
- Osclaíodh 399 cás forfheidhmithe pleanála agus dúnadh 343 cinn (ráta dúnta 86%).
- Glacadh cúig limistéar faoi chúram go foirmiúil agus cuireadh 70 iarratas ar aghaidh maidir le glacadh faoi chúram / bainistiú bannaí.
- Bhí 30% d'fhoirgnimh nua faoi réir ag iniúchadh um rialú tógála.
- Fuarthas 253 iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán agus ceadaíodh 180 díobh, lena n-áirítear 92 a cinneadh laistigh de dhá mhí. Diúltaíodh do chúig iarratas.

### Pobail ionchuimsitheacha a chur chun cinn trí bheartais bainistíochta eastát a fháiltíonn roimh éagsúlacht iomlán na bpobal a mhaireann iontu agus idirghníomhaíochtaí ómósacha a chumasú

- D'éascaigh ár n-ionad custaiméirí tithíochta athoscailte 1,845 coinne agus bhuail 882 cuairteoir eile isteach san ionad.
- Tá 15,606 iarratasóir ar thithíocht agus tionóntaí cláraithe anois ar ár gcóras tithíochta comhtháite ar líne, a chuimsíonn bainistiú iarratas ar thithe ar phraghas réasúnta agus iarratais ar dheontais le haghaidh tithíocht phríobháideach.
- Glacadh le straitéisí nua maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta agus rannpháirtíocht tionóntaí.
- Reáchtáladh 259 cruinniú réamh-thionóntachta agus rinneadh 657 seiceáil tionóntachta ina dhiaidh sin.
- Eisíodh 218 rabhadh tionóntachta de bharr iompar frithshóisialta agus/nó sáruithe ar thionóntacht; seirbheáladh 17 bhfógra tréigin, agus foirceannadh 14 thionóntacht.
- Tháinig An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile cúige huaire agus rinne scrúdú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil, an meastachán bliantúil ar chóiríocht do theaghlaigh den Lucht Siúil, sábháilteacht ó dhóiteán, moltaí ó Choimisiún na hÉireann um

Chearta an Duine agus Comhionannas, agus saincheisteanna eile a bhain le láithreáin agus bainistiú dramhaíola.

- Tháinig an Coiste Comhairleach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas le chéile ceithre huaire chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta feithimh um cheadú leighis, leithdháiltí tithe do theaghlaigh a bhfuil ceadú leighis acu, agus dul chun cinn ar oibreacha faoin scéim deontais do dhaoine faoi mhíchumas.
- Rinne ár bhfoireann bainistíochta eastát gníomhartha spriocdhírithe in eastáit Bhaile Gadaí agus MacUilliam, lena n-áirítear iniúchtaí ar thionóntachtaí agus ar limistéir chomhroinnte, clinicí coicísiúla, clár imeachtaí séasúracha agus lá spórt, laethanta glantacháin/imeachtaí bailithe bruscair, agus thug siad cainteanna i mbunscoileanna i gcomhar leis an gCoiste Sóisearach Sábháilteachta. Tháinig meitheal idirghníomhaireachta ardleibhéil Bhaile Gadaí le chéile ceithre huaire i rith na bliana.

## Seirbhísí agus tionscnaimh tithíochta agus cóiríochta, agus cinn a bhaineann le heaspa dídine, a dhíriú ar na grúpaí éagsúla a gcuireann an éagothroime isteach orthu trí dhearadh agus seachadadh a chinntiú a fhreastalaíonn ar a riachtanais ar leith.

- Rinneadh 1,423 leithdháileadh tithíochta lena n-áirítear 206 do theaghlaigh gan dídean tar éis 338,581 léiriú spéise a fháil trínár gcóras ligin rogha-bhunaithe.
- Leithdháileadh 19 dtionóntacht nua tríd an scéim morgáiste go cíos.
- Fuarthas 3,488 iarratas nua ar thacaíocht tithíochta sóisialta.
- Fuarthas 191 iarratas ar choigeartú méide ó thionóntaí tithíochta sóisialta agus ó úinéirí tithe príobháideacha.
- Thugamar tacaíocht do 518 teaghlach chun teach a fháil nó chun a chinntiú nach mbeidís gan dídean.
- Cuireadh 1,044 teaghlach faoi bhráid ár seirbhísí gan dídean.
- Cheadaigh comhaltaí tofa Plean Gníomhaíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath maidir le hEaspa Dídine 2025-27.
- Osclaíodh mol nua teaghlaigh i dTamhlacht i gcomhar leis an bhFeidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine, Réigiún Bhaile Átha

Cliath chun cóiríocht shealadach a chur ar fáil do theaghlaigh áitiúla gan dídean.

- Ceannaíodh 80 réadmhaoin faoin gclár ceannaigh, chun tacú le leithdháiltí tionóntaí in-situ, go príomha; cuireadh éilimh ar íocaíocht dar luach iomlán €21.2m ar aghaidh chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh forchúitimh i ndáil leis na ceannacháin sin. Bhí 41 réadmhaoin eile ag an gcéim tíolactha leis an rannóg dlí, nó bhí díolachán comhaontaithe, nó bhí caibidlíocht ar bun ina leith, faoi dheireadh na bliana.
- Rinneadh iniúchadh ar 4,754 réadmhaoin phríobháideach ar cíos.
- Aimsíodh 40 aonad RAS nua.
- Ceadaíodh 440 deontas tithíochta príobháidí - 332 deontas oiriúnaithe tithíochta, 61 deontas um chúnamh tithíochta do dhaoine scothaosta, agus 47 deontas d'áiseanna soghluaisteachta.
- Tugadh 180 obair oiriúnaithe tithíochta chun críche ar stoc tithíochta sóisialta chun tacú le daoine faoi mhíchumas.
- Fuarthas 70 iarratas ar scéim Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil agus ceadaíodh €2.75 milliún go sealadach d'iasachtaithe.
- Próiseáladh 72 iarratas faoin Scéim Ceannaigh Incrimintigh do Thionóntaí agus tugadh 11 díolachán chun críche.
- Fuarthas maoiniú €400,000 don scéim náisiúnta iasachta tosaíochta chun carbhán a cheannach. Fuarthas 31 iarratas, ceadaíodh naoi n-iasacht agus seachadadh ocht gcarbhán/teach soghluaiste.
- Tugadh 5,716 measúnú cíosa chun críche.
- Taifeadadh 194 atreorú le haghaidh seirbhísí oibre sóisialta a bhain le tithíocht, chomh maith le 343 idirghabháil d'iarratasóirí ar thithíocht agus tionóntaí, agus iad sin éascaithe ag an tseirbhís oibre sóisialta ar dualgas.
- Rinneamar uasghrádú ar an gcóras tithíochta ar líne agus ar na huirlisí suirbhé agus mapála a úsáideann ár bhfoireann, agus dá bharr sin tá sé níos éasca faisnéis thábhachtach tithíochta a thaifeadadh, a fheiceáil agus a úsáid, rud a chabhróidh linn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla.

## Sprioc 3 Geilleagar faoi Bhláth

**Baile Átha Cliath Theas a bheith ar an áit is fearr chun gnó a dhéanamh**

### Cumais a fhorbairt go réamhghníomhach agus timpeallacht dhinimiciúil ghnó a chruthú chun tacú le gnó agus é a fhás

- Bhronn an Oifig Fiontair Áitiúil €897,789.59 i dtacaíocht deontais ar 32 gnólacht, rud a chruthaigh 50 post lánaimseartha nua go díreach agus a thacaigh le suas le 284 post féideartha thar thréimhse trí bliana.
- D'fhreastail 1,777 rannpháirtí ar chlár oiliúna na hOifige Fiontair Áitiúil ina raibh 115 cúrsa, ina measc forbairt bainistíochta agus Do Ghnó Féin a Thosú. Chuir 168 rannpháirtí an cúrsa Do Ghnó Féin a Thosú i gcrích.
- Faoi chláir oiliúna spriocdhírithe na hOifige Fiontair Áitiúil, chuir 15 chliant an clár ceannaireachta agus forbartha straitéise a dhírigh ar easpórtáil i gcrích.
- Ceadaíodh tacaíocht chomhairliúcháin do 21 tionscadal faoin gclár náisiúnta Glas i gcomhair Gnó, agus ceadaíodh naoi ndeontas éifeachtúlachta fuinnimh, rud a thacaigh le fiontair glacadh le cleachtais níos glaise agus níos inbhuanaithe a fheabhsaíonn éifeachtúlacht, a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol, agus a neartaíonn iomaíochas fadtéarmach.
- Reáchtáladh imeacht faisnéise ag Work IQ i mí an Mheithimh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, inar taispeánadh na cláir deontais Glas i gcomhair Gnó agus Éifeachtúlacht Fuinnimh. Thug sainchomhairleoirí comhairle agus labhair iniúchóir fuinnimh atá cláraithe le SEAI faoi thacaíochtaí inbhuanaitheachta ón Rialtas atá ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí cleachtais inbhuanaitheachta a fheabhsú, an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus borradh a chur faoi fheidhmíocht airgeadais.
- Ceadaíodh 20 cuideachta don chlár LEAN chun cabhrú leo éifeachtúlachtaí a mhéadú agus costais reatha a laghdú.
- Ghlac 40 cuideachta páirt sa chlár Digiteach don Ghnó chun leas a bhaint as córais dhigiteacha chun a ngnólachtaí a rith ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Ceadaíodh 12 dheontas Fás Digiteach, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé glacadh le córais dhigiteacha chun táirgiúlacht, nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú.

- Chabhraigh an deontas An Margadh a Fhiosrú le cúig ghnólacht margaí nua a lorg trí thaighde margaidh agus chabhraigh sé leo tuilleadh deiseanna easpórtála agus fáis a chruthú.
- Rinneadh 806 sannachán meantóireachta ar fud gach earnáil ghnó lena n-áirítear airgeadas, na meáin shóisialta, margaíocht, agus bainistíocht ghnó.
- Ceadaíodh 22 tionscadal le haghaidh tacaíocht airgeadais dar luach €148,528.51 tríd an gCiste Tacaíochta Gnó.
- Bhí sé chinn de na gnólachtaí ceardaíochta agus dearaidh is fearr atá tagtha chun cinn i mBaile Átha Cliath Theas rannpháirteach sa Taispeántas Cruthaitheach de chuid Showcase Ireland 2025, ceann de na seónna trádála idirnáisiúnta is mó in Éirinn.
- D'aistrigh 10 gcliant ó OFÁ go Fiontraíocht Éireann.
- San áireamh i gclár imeachtaí OFÁ bhí Fresh SCENE, a thug deis do rannpháirtithe san earnáil chruthaitheach teacht le chéile, idirghníomhú agus cabhrú lena ngairmithe sa tionscal cruthaitheach amach anseo a mhúnlú trí éisteacht le scéalta spreagúla ó aíonna speisialta as gach réimse den earnáil chruthaitheach, lena n-áirítear déantóirí scannán agus aisteoirí a bhfuil gradaim buaite acu, agus branda seodra comhaimseartha Éireannach.
- Reáchtáladh an tSeachtain Fiontair Áitiúil i mí an Mhárta. Óstáladh 14 imeacht faoi ábhair mar shampla do ghnó a threorú agus a scálú, fiontar na mac léinn, easpórtáil, IS, agus léargais faoi fhís eacnamaíoch agus fiontair na heagraíochta. I rith na seachtaine reáchtáladh Gradaim Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas, inar bhuaigh Aisling Tuck ó Naked Bakes an gradam foriomlán, agus as sin rinne sí ionadaíocht ar Bhaile Átha Cliath Theas ag na Gradaim Fiontair Náisiúnta.
- Bhí craobhchomórtas contae Chlár Fiontair Scoláirí Bhaile Átha Cliath Theas OFÁ ar siúl in Óstán Maldron, Tamhlacht, agus ghlac 1,053 dalta as 22 scoil páirt sa chlár bliantúil.
- Ghlac 300 dalta páirt sa chlár bunscoile Bí Gnóthach i mí an Mheithimh, clár a tharraing aird ar a thábhachtaí atá sé meon fiontair, cruthaitheachta agus scileanna fiontraíochta a chothú i ndaoine óga.
- Tháinig Líonra Ceannairí Bhaile Átha Cliath Theas le chéile gach dhá mhí ag cruinnithe ina raibh aoichainteoirí, piarfhoghlaim agus deiseanna líonraithe. Cuireann an líonra seo le rath an chláir Ceannaireacht

Straitéiseach don Fhás, agus tacaíonn sé le forbairt agus fás na gceannairí sin agus a ngnólachtaí.

- Mhéadaigh ballraíocht an Líonra de Mhná atá ag gabháil don Fhiontraíocht i mBaile Átha Cliath Theas (NEWS) go dtí os cionn 400 agus reáchtáladh clár imeachtaí chun tacú le mná sa ghnó, ina measc Cácas na mBan, a thugann mná as cúlraí éagsúla le chéile chun ceangal a dhéanamh, smaointe a roinnt agus inspioráid a thabhairt dá chéile.
- Reáchtáladh ócáid dar teideal "Local Legends: Celebrating Women in Business" ag an Synergy Centre, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD), Campas Thamhlachta, i gcomhar le Network Ireland Dublin. Bhí pléphainéil, taispeántais bheo agus mionmhargadh ar siúl ag an ócáid.
- Bhí OFÁ Bhaile Átha Cliath Theas i gceannas ar chlár réigiúnach Get Exporting a fhorbairt i mBaile Átha Cliath do chuideachtaí bia agus dí. Cuireadh tús leis an gclár i mí na Nollag. Cuireann an clár seo oiliúint agus meantóireacht ó shaineolaithe ar fáil i ndáil le forbairt ghnó, roghanna maoinithe, straitéis don mhargadh agus pleananna pearsantaithe easpórtála. Tacaíonn an clár le cuideachtaí díolacháin agus fás a mhéadú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.
- Bhí an chéad bhliain iomlán i mbun oibre ag Ionad NuálaíochtaWork IQ. Thacaigh sé le 126 phost a fhorbairt agus bhí 34 gnó lonnaithe ann.

## Infheistíocht isteach a spreagadh, infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch agus infheistíocht dhúchasach, agus tírdhreach eacnamaíoch á chruthú don fhiontraíocht, don nuálaíocht agus don gheilleagar cliste

- Leanamar le Páirc Ghnó Idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí a bhainistiú agus a chur chun cinn, i gcomhar le GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus comhpháirtithe san earnáil phríobháideach. Coinníodh 5,328 post ar bun ag Caisleán na Gráinsí agus tá acmhainn ann chun tuilleadh fáis a bhaint amach ag na céimeanna forbartha atá le teacht.
- Cuireadh an síneadh leis an mbóthar rochtana ag Caisleán na Gráinsí i gcrích, rud a chuir deireadh le bac bonneagair agus a thacaíonn le hinfheistíocht isteach amach anseo.

- Glacadh go foirmiúil leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), cuireadh tús leis an gcur i bhfeidhm, agus cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun.
- Ullmhaíodh Straitéis Eacnamaíoch an Chontae inar leagadh amach pleananna uaillmhianacha chun geilleagar Bhaile Átha Cliath Theas a fhás go dtí geilleagar lena mbaineann luach €28.27bn.
- Cuireadh an Plean do Gheilleagair Oíche Thamhlachta i gcrích, rud a chuir creat struchtúrtha ar fáil chun tacú le gníomhaíocht oíche, cultúr agus beocht eacnamaíoch i Lár Bhaile Thamhlachta. I measc na ngníomhartha a ndearnadh dul chun cinn orthu bhí bunú na foirne imeachtaí, scrúdú a dhéanamh ar cheolchoirmeacha a reáchtáil i Staid Thamhlachta, forbairt ar mhol cultúrtha nua a fhiosrú agus an Ciste Tacaíochta Gnó a ailíniú.
- Leanadh ar aghaidh ag tacú le feabhsúchán ar lár an bhaile tríd an Scéim um Dheontas Aghaidheanna Siopaí. Fuarthas 10 n-iarratas agus tugadh sé thionscadal chun críche le linn na bliana.

## Cumas Bhaile Átha Cliath Theas a fhíorú trí áiteanna tarraingteacha a fhorbairt do chuairteoirí agus an branda turasóireachta a fhorbairt, rud lena bhfeabhsófar eispéiris cuairteoirí agus lena bhforbrófar comhpháirtíochtaí turasóireachta

- Rinneadh dul chun cinn gníomhach ar 38 cinn de 55 gníomh i Straitéis Turasóireachta Chontae Átha Cliath Theas 2024–2029, lena n-áirítear forbairt ar Mháistirphlean Theach Leamhcáin, ceadú Chuid 8 do Stáblaí agus Tionscadal Clóis Chaisleán Ráth Fearnáin (le tacaíocht €7m i maoiniú THRIVE), agus obair leanúnach ar an tionscadal Thine Ifrinn Shléibhte Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh Bealach Glas na Canálach Móire, a nascann an 12ú Loc le Collchoill, i gcrích.
- Ceapadh oibreoir caifé nua ag Ionad Cuairteoirí Chlogás Chrónáin i gCluain Dolcáin agus thug 69,535 duine cuairt air le linn na bliana, le tacaíocht ó chlár imeachtaí séasúracha, lena n-áirítear Spookdalkin agus imeachtaí Nollag.

- Tugadh tacaíocht do 17 bhféile agus imeacht turasóireachta, lena n-áirítear TradFest a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath Theas den chéad uair.

## Borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil le scoth na hoibríochta – trédhearcacht an tsoláthair phoiblí a fheabhsú, timthriallta íocaíochta prasa a chinntiú, agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh idirbhearta réidhe

- Bailíodh 95% de rátaí tráchtála, méid a thug toradh €9.2 milliún breise. Dá bharr sin, bhí an t-ioncam iomlán ó rátaí os cionn €155 milliún, an méid is airde riamh a bhain CCÁCT amach.
- Tháinig laghdú beagnach €2.5 milliún ar riaráistí rátaí go dtí tuairim is €11.1 milliún, an méid ba ísle ó 2008 i leith.
- Bailíodh os cionn €38.2 milliún i gcíosanna difriúla, sin méadú €3.4 milliún (os cionn 10%) ar an mbliain roimhe sin. Tháinig feabhas ar bhailiúchán i leith iasachtaí tithíochta arís, agus tháinig laghdú €491k ar riaráistí.
- Leanadh le monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar fhéichiúnaithe corparáideacha lena chinntiú gur fhan iarmhéideanna ar leibhéil inghlactha.
- Rinneadh dul chun cinn le Tailte Éireann (an Oifig Luachála roimhe seo). Próiseáladh 114 luacháil, rud a mhéadaigh ár mbonn rátaí.
- Próiseáladh 2,849 deontas dar luach iomlán os cionn €2.8 milliún chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide.
- Glacadh le buiséad ioncaim le haghaidh 2026 arbh fhiú €422,581,000 de chaiteachas beartaithe é (méadú beagnach 8% ar an mbliain roimhe).
- Ullmhaíodh clár caipitil nua trí bliana le caiteachas beartaithe €1,693,394,000.
- Bainistíodh ár leachtacht go héifeachtúil chun sreabhadh airgid láidir a choinneáil ar bun.
- Tháinig méadú 6% ar an líon íocaíochtaí lenár soláthraithe, agus b'ionann iad agus níos mó ná €520 milliún.

- Tugadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2024 chun críche faoin 31 Márta, agus cuireadh na cuntais iniúchta agus an tuarascáil iniúchta faoi bhráid na gcomhaltaí tofa agus an Choiste Iniúchóireachta ina dhiaidh sin.
- Cuireadh tús le huasghrádú ar ár gcóras bainistíochta airgeadais agus is muid an príomhúdarás ar dhá thionscadal náisiúnta chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil an chórais ar fud na tíre.
- Chinntíomar bearta éifeachtacha rialaithe agus maolaithe trí athbhreithniú agus bainistiú leanúnach a dhéanamh ar an gclár riosca.
- Leanadh leis an gcaidreamh leanúnach lenár n-árachóirí chun clúdach leordhóthanach a chinntiú agus chun rioscaí a bhainistiú go cuí, agus níor tháinig ach ardú beag ar na préimheanna.
- Bronnadh 136 conradh dar luach os cionn €25,000.
- Leanadh le cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair lena n-áirítear cruinnithe ráithiúla den Ghrúpa Stiúrtha, cothabháil leanúnach ar an mbunachar sonraí conarthaí agus ar an bpíblíne soláthair, seiceálacha comhlíontachta agus oiliúint i soláthar agus i soláthar poiblí glas, agus comhairle agus faisnéise a chur ar fáil don fhoireann.

## Sprioc 4 Áit Níos Fearr

**An bonneagar agus na saoráidí, a theastaíonn chun freastal ar ár ndaonra atá ag fás, a chur ar fáil**

### Páirceanna agus spásanna oscailte an chontae a bhainistiú chun buntáistí eacnamaíocha, comhshaoil, agus sóisialta a sholáthar, a fhreastalaíonn ar éagsúlacht iomlán ár bpobal

- Glacadh le Straitéis nua um Páirceanna agus Spásanna Oscailte chun tacú le bainistiú pháirceanna agus spásanna oscailte an chontae chun buntáistí eacnamaíocha, comhshaoil, agus sóisialta a sholáthar don chontae.
- Reáchtáladh 336 imeacht inár bpáirceanna chun tacú le hoidhreacht chultúrtha agus shóisialta. Soláthraíodh roinnt mhaith tionscnamh eile faoi threoir na Comhairle i gcomhar le grúpaí pobail, ina measc an clár mionchoillearnaí a bhfuil an-tóir air agus a chuir sé láthair bhreise ar fáil inar cuireadh 9,850 crann óg.

- Leanadh le soláthar chlár caipitil na ríochta poiblí, agus rinneadh forbairt/uasghrádú ar pháirceanna breise, áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt: Rinneadh uasghrádú ollmhór ag Páirc Ghleanntáin an Choiréil, agus rinneadh uasghráduithe ar na páirceanna imeartha, spásanna súgartha agus limistéir ilúsáide cluichí a bhí ann cheana féin.
- I measc na n-uasghráduithe ar pháirceanna imeartha a bhí ann cheana féin a cuireadh i gcrích agus atá fós ar bun bhí: Cill an Ardáin (páirc imeartha mhór CLG agus dhá pháirc imeartha bheaga), Páirc Chuidbhricht (páirc pheile amháin), Páirc Ghleann an Ghrífín (uasghrádú ar an bpáirc imeartha CLG), Páirc Ghleann Álainn (uasghrádú ar an bpáirc imeartha CLG), Páirc Thigh Motháin (uasghrádú ar dhá pháirc pheile), Páirc Ghleanntáin an Choiréil (uasghrádú ar pháirc pheile amháin) agus Pháirc an Bhuitléaragh agus Mhic Aodha (uasghrádú ar dhá pháirc pheile).
- Cuireadh tús le hobair ar dhá uasghrádú phleanáilte ar raonta lúthchleasaíochta ag Páirc Bancroft agus ag Páirc Ghleann an Ghrífín. Tá an chéim measúnachta/indéantachta curtha i gcrích le haghaidh gach ceann.
- Foilsíodh togra Chuid 8 maidir le faiche bollaí a fhorbairt i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh ionas go ndéanfar comhairliúchán poiblí ina leith.
- Maidir le clár na bpailliún, chun saoráidí coimhdeacha a chur ar fáil ag páirceanna imeartha, tugadh an tairiscint do phailliúin a thógáil agus a sholáthar chun críche, agus tá tionscadail ag Páirc Chorcaí agus Páirc Ghleann an Ghrífín ag céim an dearaidh anois.
- Soláthraíodh 12 áis caithimh aimsire nua i bpáirceanna agus spásanna oscailte a bhí ann cheana féin, lena n-áirítear caifé agus mol a chur i gcrích i bPáirc Chorcaí, an t-ionad nua in Ionad Pháirc Thigh Motháin ina bhfuil spás cruinnithe ilfheidhmeach agus caifé, páirc imeartha 3G nua ag Cnoc Mitin, dhá spás súgartha nua ag Ionad Pobail Theach Sagard agus ag Páirc Ghleanntáin an Choiréil, dhá spás nua do dhéagóirí i bPáirc na Carraige Móire agus i bPáirc Ghleanntáin an Choiréil, limistéar nua callaistéinice i bPáirc Ghleanntáin an Choiréil, dhá MUGA nua ag MacUilliam agus Cnoc Mitin, seomra ranga faoin aer i bPáirc Ráth Fearnáin agus giom faoin aer i bPáirc na gCrann Glas.

- Faoin gClár Cothabhála Crann, rinneadh suirbhéireacht ar 14,605 crann, rinneadh prúnáil ar 9,204 crann, leagadh 1,332 crann agus baineadh 861 stumpa, agus cuireadh 3,572 crann nua.
- Tugadh 63 tionscadal chun críche faoinár gclár oibreacha feabhsúcháin don ríocht phoiblí.
- Soláthraíodh 170,640 ciliméadar líneach de bhealaí siúlóide agus rothaíochta i bpáirceanna/spásanna oscailte.
- Leanamar de thacaíocht a thabhairt do Chlár na Scoileanna Glasa agus bhain 12 scoil bratacha glasa breise amach.
- Tugadh tacaíocht do 14 ghrúpa Bailte Slachtmhara le trí bhabhta de mhaoiniú deontais, agus tugadh tacaíocht don tionscadal PURE (Timpeallachtaí Ardtailte agus Tuaithe a Chosaint) chomh maith. D'eagraigh grúpaí Bailte Slachtmhara, cumainn áitritheoirí agus oibrithe deonacha eile glantacháin áitiúla rialta agus bhí thart ar 5,532 imeacht glantacháin ann, agus eisíodh 400 mála bleibíní agus 221 pas Conláiste Cathartha `ar Oíche Shamhna.
- Áiríodh leis an gClár Oideachais Comhshaoil 661 seisiún feasachta aeráide/comhshaoil agus cuireadh raon clár scoileanna ar fáil amhail Múiríniú i Seachtain na hÉiceolaíochta do Scoileanna, Faisean Athláimhe agus comórtais. Chuidigh an Scéim Creidmheasanna Sóisialta chun 33 imeacht nua glantacháin a sholáthar, mar aon le 36 tionscadal nua beag tírdhreachaithe agus 22 tionscadal nua feabhsúcháin péinteála.
- Cuireadh 202 spás nua ar fáil faoin gClár Reiligí, (70 láthair i Reilig Bhóthar na Bruíne agus 132 láthair i Reilig an Chaisleáin Nua), agus 100 cuasán i gCréamatóiriam na hEascrach.
- Bainistíodh 443 garraí scóir, agus tógadh 29 garraí scóir nua i bPáirc Graydon sa Chaisleán Nua, chomh maith leis an mbonneagar gaolmhar go léir (carrchlós, bóthar rochtana, geataí leictreacha, cumhacht, uisce).

## Ár bhfreagrachtaí rialála a bhainistiú ar mhaithe lenár dtimpeallacht a chosaint

- Faoinár gClár Glantacháin Sráideanna, glanadh 11,162 km de bhóithre agus bailíodh 6,236 tona dramhaíola. Méadaíodh raon feidhme an chláir

um scuabadh bóithre chun glanadh cúl-lánaí agus scuabadh raonta rothar leithscartha a chur san áireamh.

- Bhain 146,727 custaiméir úsáid as ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Mhóta, áit ar aisghabhadh 28,682 tona dramhaíola.
- Rinneadh 12,125 cigireacht faoinár bPlean Bliantúil maidir leis na hÍoschritéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI), níos mó ná an sprioc de 10,723 gníomh a bhí leagtha amach againn.
- Rinneadh sampláil ar uisce agus gnáthshampláil monatóireachta agus baineadh amach 100% den sprioc a bhí leagtha síos againn.
- Rinneadh 41 iniúchadh ar fheirmeacha i ndobharcheantair ina bhfuil dobharlaigh atá i mbaol nó ar tháinig laghdú ar a stádas idir an dara agus an tríú timthriall den Phlean Gníomhaíochta Uisce.
- Comhlíonadh an sprioc maidir le hiniúchtaí faoin bplean náisiúnta iniúchta do dhabhcha séarachais.
- Tugadh an tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath chun críche. Rinneadh scagadh le haghaidh mícheangal ar os cionn 10,000 réadmhaoin trí bhíthin measúnuithe ar dhúnphoill. Sainaithníodh 412 teach mícheangailte agus 700 fearas mícheangailte. Fuarthas rochtain ar 99.5% de na tithe chun measúnú a dhéanamh orthu agus tá 95% de na mícheangail tí a sainaithníodh deisithe, go dtí seo.
- Rinneadh imscrúdú ar os cionn 2,200 tuairisc ar bhruscar agus ar dhumpáil mhídhleathach. Eisíodh 83 fíneáil bruscair ar an láthair, tarchuireadh 88 imscrúdú bruscair go ndéanfaí imeachtaí dlí ina leith agus bhí cúig éisteacht chúirte ann.
- Rinneadh 81 iniúchadh ar láithreáin dramhaíola ceadaithe.
- Bailíodh 559 tona dramhaíola ó bhoscaí bruscair sráide agus bailíodh 3,154 tona dramhaíola ó dhumpáil mhídhleathach freisin.
- Reáchtáladh tarscaoileadh tochtanna agus ocht mbailiúchán a chuir 1,225 tocht ón sruth dramhaíola le hathchúrsáil.
- Bhí 3,529 cás truaillithe faoi réir gearáin agus dúnadh 3,151 cás truaillithe.
- Rinneadh 186 imscrúdú ar láithreáin thréigthe agus cuireadh tús le trí fháil éigeantach nua maidir le réadmhaoine ar Chlár na Láithreán Tréigthe.

- Faoin reachtaíocht um Rialú Capall agus Rialú Madraí, gabhadh 19 gcapall, agus cuireadh 351 madra sa tearmann madraí. Eisíodh 134 deimhniú díolúine i ndáil le madraí XL Bully.
- Leanadh le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do Cheirtleán Bhaile Átha Cliath. Sainaithníodh limistéir tosaíochta agus méadaíodh monatóireacht ar thorainn go dtí 11 mhonatóir láithreáin sheasta.
- Ní raibh aon sárú ar chaighdeáin aercháilíochta ag an dá stáisiún monatóireachta láithreáin sheasta agus tháinig feabhas ar leibhéil PM10 (cáithníní truaillithe aeir in-ionanálaithe 10 micriméadar ar trastomhas nó níos lú) in 2025, agus an leibhéal 8% níos ísle ná an leibhéal in 2024.
- Leanamar orainn ag cabhrú le hUisce Éireann faoin máistir-chomhaontú comhair seanbhunaithe agus faoin gcomhaontú seirbhísí tacaíochta.

## An úsáid a bhainimid as ár sócmhainní trí bhainistíocht ghníomhach talún a bharrfheabhsú chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe

- Baineadh amach an garsprioc de 5,000 teach a chur i gcrích i mBaile Adaim agus tá 1,300 teach eile á dtógáil faoi láthair. Tugadh obair dhearaidh mhionsonraithe chun críche le haghaidh Pháirc an Bhúlbhaird Lárnaigh, le tacaíocht ó mhaoiniú URDF. Tugadh dearadh tosaigh agus réamhphleanáil chun críche le haghaidh Fhoirgneamh Cathartha Bhaile Adaim, a mbainfear úsáid as mar leabharlann agus ionad don phobal agus don fhiontraíocht. Tugadh athbhreithniú meántéarma chun críche ar scéim pleanála Bhaile Adaim agus tá sí ag céim a seacht anois.
- Tá os cionn 1,000 teach tugtha chun críche i gCrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa anois agus tá tuairim is 1,500 teach eile á dtógáil. Tá an tSráid Cheangail ó Dheas beagnach tugtha chun críche agus deonaíodh cead pleanála le haghaidh na Sráide Ceangail ó Thuaidh. Deonaíodh cead pleanála le haghaidh trí pháirc straitéiseacha nua ag Síneadh Pháirc Ghleann an Ghrífín, Na Cluainte Theas agus Páirc na Canálach freisin agus cuireadh tús le dearadh mionsonraithe ina leith. Cuireadh tús le dearadh tosaigh i ndáil leis na foirgnimh phobail bheartaithe agus na droichid laistigh den Chrios Forbartha Straitéisí.

- Tugadh scéim breisiú dúiche Bhánóige agus scéim breisiú dúiche Cnocán na Rós chun críche, agus rinneadh dul chun cinn mór ar thionscadail i sráidbhaile Leamhcáin.
- Cuireadh tús leis an obair dhearaidh ar an scéim breisiú dúiche bheartaithe do shráidbhaile Thamhlachta, agus rinneadh comhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir le breisiúcháin ag lárionad ceantair Bhaile Uí Néill.
- Anuas ar chluichí Shamrock Rovers i bPríomhroinn Shraith na hÉireann a imrítear go rialta i Staid Thamhlachta, imríodh cluichí idirnáisiúnta ann freisin le Foireann Náisiúnta na mBan agus Foireann na bhFear Faoi 21, chomh maith le cluichí Eorpacha le haghaidh Shamrock Rovers agus Shelbourne. Ina theannta sin, tionóladh Cluiche Ceannais na Scoileanna do Chorn Sinsearach Rugbaí Laighean ann, agus d’imir foireann Sinsearach na bhFear de chuid Rugbaí Laighean cluiche cairdeachais réamhshéasúir ann i gcoinne Cardiff Blues i rith an tsamhraidh. Chuireamar fáilte roimh thionóntaí nua freisin nuair a lonnaigh Tallaght Martial Arts iad féin sa seomra faoi thalamh nua ag an Ardán Thuaidh, i ndiaidh do na comhaltaí tofa léas fadtéarmach a cheadú.
- Leanadh leis an dul chun cinn ar chlár réadmhaoine comhtháite a fhorbairt, chun tacú le bainistiú sócmhainní straitéiseacha agus mar bhonn eolais d’úsáidí tithíochta, fostaíochta agus pobail amach anseo.
- Rinneadh próiseas soláthair le haghaidh straitéis fógraíochta faoin aer agus ceapadh comhpháirtí conartha chun líonra cumarsáide a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na srianta meáchain atá ann d’fheithiclí earraí troma.
- Forbraíodh tairseach dhigiteach le haghaidh iarratas T0 (chun seirbhísí a shuiteáil ar bhóithre poiblí) chun tacú lenár mBeartas um Thochailt Amháin.
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar athrú beartaithe chun Creat Straitéiseach um Athghiniúint Uirbeach a thabhairt isteach sa Phlean Forbartha Contae le haghaidh City Edge.
- Dréachtaíodh an léarscáil dheiridh le haghaidh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe 2026, rinneadh comhairliúchán poiblí uirthi agus ullmhaíodh í lena foilsiú.

- Leanadh leis an obair ar bhearta bithéagsúlachta áitiúla a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, a chabhraíonn le húdaráis áitiúla tionscadail a chur i gcrích a dhíríonn ar chuspóirí cheathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht na hÉireann 2023-2030.
- Leanamar le cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta reatha fad atá plean nua á ullmhú againn.
- Tugadh seacht dtionscadal um breisiú caomhantais chun críche le tacaíocht mhaoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear sé thionscadal faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus ceann amháin le Ciste na Struchtúr Stairiúil.
- Leanamar le caidreamh a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Óige faoina pleananna le haghaidh soláthar scoile.
- Glacadh Scéim nua do Ranníocaíocht Forbartha
- Chuireamar pleananna seirbhísí geimhridh i bhfeidhm chun an líonra bóithre a choimeád sábháilte trí ghrean a leagan, boscaí salainn agus bearta eile.
- Cuireadh tús le hobair ar lámhleabhar treochomharthaíochta uirbí don chontae.
- Reáchtálamar 14 fheachtas áitiúil um shábháilteacht ar na bóithre agus thugamar tacaíocht do naoi bhfeachtas náisiúnta eile.
- Cuireadh oibreacha i gcrích ar an síneadh ar Bhóthar Airton i mBaile an Chócaigh, ina raibh bonneagar a thacóidh le síntí ar ár líonra téimh ceantair amach anseo.
- Deisíodh cúig dhroichead ar chostas tuairim is €310,000.
- Chuireamar an plean iomlán oibreacha bóthair a bhí beartaithe don bhliain i gcrích, ina ndearnadh 149 feabhsúchán ar bhóithre agus ar chosáin áitiúla.
- Pléadh le 610 mír ag cruinnithe maidir le comhfhreagras agus bainistiú tráchta.
- Deisíodh 6,178 solas poiblí.
- Ghlacamar páirt i bhFéile Ailtireachta Bhaile Átha Cliath, Open House, i mí Dheireadh Fómhair. Reáchtáladh turais theoraithe ag roinnt mhaith ionad ar fud Bhaile Átha Cliath, ina measc an tIonad Idirghlúine i bPáirc Thigh Motháin, Árasáin ag Cearnóg na Nuálaíochta agus Priory Market.

## Sprioc 5 Pobail Nasctha

**Tacú lenár bpobail ionas go mbeidh siad lánpháirtithe, ionchuimsitheach agus sábháilte**

Pobail atá cumhachtaithe, ionchuimsitheach, comh-ómósach, athléimneach agus sábháilte a chothú, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe agus lenár saoránaigh

- Tháinig an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) le chéile sé huaire.
- Bhainistigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP), a sholáthair Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas, agus rinne siad monatóireacht ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- Is mar seo a leanas a bhí an phríomhfheidhmíocht in aghaidh spriocanna faoi SICAP: Forbraíodh acmhainn 87 grúpa pobail áitiúil (sprioc 90 = baineadh amach 97%)
- Tugadh tacaíocht do 1,559 duine faoi mhíbhuntáiste (sprioc 1,483 = baineadh amach 105%) chun caighdeán na beatha a fheabhsú trí thacaíochtaí meabhairshláinte agus folláine, foghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíochtaí margaidh saothair.
- Cuireadh an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) ar bun arís. Earcaíodh comhordaitheoir nua agus líonadh suíocháin na rúnaíochta. Rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht an PPN agus tá clárú fós ar bun. Tá 66 grúpa nua cláraithe, is é sin méadú 21% ar an mballraíocht.
- Bunaíodh Chomhpháirtíocht Áitiúil nua um Shábháilteacht Pobail agus tionóladh cruinniú ionduchtaithe inar ceapadh 23 ball.
- Tionóladh 24 cruinniú den Fhóram Iompair (12 chruinniú an ceann i gCluain Dolcáin agus Tamhlachta) agus 26 cruinniú den fhóram iompair áitiúil (maidir le Tamhlacht Thiar, Cluain Dolcáin Thuaidh agus An Caisleán Nua/Ráth Cúil/Cluain Dolcáin), lenar éascaíodh rannpháirtíocht riachtanach leanúnach idir soláthraithe seirbhísí, ionadaithe tofa agus na pobail áitiúla, faoi chúrsaí iompair agus sábháilteachta ginearálta.

- Ceapadh cathaoirleach agus leas-chathaoirleach nua ag an gcruinniú cinn bliana de chuid Chomhairle Daoine Scothaosta Bhaile Átha Cliath Theas, agus seoladh leabhrán uasdátaithe “Over 55s”.
- Reáchtáladh coinbhinsiún dhá lá de Chomhairlí Daoine Scothaosta i dTamhlacht, arna óstáil i gcomhar le hAoisbhá Éireann, an tseirbhís náisiúnta chomhroinnte.
- Ag cur le chomh maith ar éirí le tionscnaimh chun tacú le pobal a thacaíonn le néaltrú i mBaile Uí Ruáin, bunaíodh caifé eile do dhaoine le néaltrú i dTamhlacht, agus tá pleananna ar bun chun ceann eile a oscailt i gCluain Dolcáin in 2026.
- Cuireadh tús leis an obair chun straitéis nua aoisbháúil a ullmhú agus rinneadh comhairliúchán fairsing, lena n-áirítear ceardlann do pháirtithe leasmhara.
- Tugadh tacaíocht do Chomhairle na nÓg chun leanúint ar aghaidh lena gclár oibre, ina dtugtar tús áite don mheabhairshláinte, agus d’fhreastail baill na Comhairle ar thaispeántas náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Rinneadh cur i láthair don LCDC, agus don CBS maidir le Cúrsaí Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Lánpháirtithe. Reáchtáladh a comhdháil bhliantúil don ógra i dTamhlacht, ar ar fhreastail 110 duine óg (ag déanamh ionadaíochta ar 59% de na scoileanna sa chomhaireamh) - sin méadú 43% ar 2024.
- Ar na tionscnaimh um fhorbairt pobail bhí féile agus paráid Lá Fhéile Pádraig a athbhunú i dTamhlacht, clár pictiúrlainne samhraidh, caiféanna don ógra i nGleanntáin an Choiréil agus i nGort an tSrutháin, Gradaim Sparánachta Oideachais OTBÁC, agus an Fóram um Shábháilteacht Shóisearach.
- Íocadh 285 deontas pobail dar luach iomlán €470,060.

## Rannpháirtíocht shibhialta láidir, stuama agus ionchuimsitheach a chruthú agus an rannpháirtíocht a bheith i ngach pobal agus i measc gach grúpa a bhfuil an éagothroime ag cur isteach orthu.

- Leanadh leis an obair chun an clár a athchóiriú leis na ceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil

agus Oidhreachta, mar ullmhúchán don aistriú chuig córas náisiúnta in 2026.

- Faoi dheireadh na bliana, bhí 211,659 cláraithe chun vóta a chaitheamh sa chontae.
- Tugadh uasdátuithe ar chlár na dtoghthóirí roimh an toghchán Uachtaránachta i mí Dheireadh Fómhair.
- Reáchtáladh feachtais feasachta don lucht vótála, agus díríodh ar na ceantair ina gcaitear an méid is lú vótaí i dtoghcháin áitiúla.
- Tháinig Cácas na mBan le chéile cúig huaire agus reáchtáladh ócáid thar a bheith rathúil, Mná a Chumhachtú, inar labhair daoine inspioráideacha as na réimsí seo a leanas - spórt, gnó, polaitíocht agus saol an phobail. Tá 19 gcomhairleoir as an líon iomlán 40 comhairleoir ina mbaill den chácas faoi láthair.
- Leanadh leis an obair faoi Éire Shláintiúil agus Sláintecare - reáchtáladh 87 tionscnaimh, ar ar fhreastail 2,767 rannpháirtí, maidir le tearcrochtain fuinnimh, sábháilteacht pobail, agus éagothroime sláinte.
- Leanamar ar aghaidh ag tacú leis an gClár do Scoileanna Grow it Yourself, agus leis an gClár Sláinte agus Folláine a bhíonn ar siúl ar fud líonra na n-ionad pobail. D'óstálamar aontaí sláinte ar fud an chontae agus sholáthraíomar clár litearthachta sláinte.
- Tugadh tacaíocht do shaoráid nua Changing Places in Ionad Pobail Aonghusa agus do MUGA nua ag Citywise le maoiniú Sláintecare.

Leanadh leis an bPlean Gníomhaíochta Coirp agus Spóirt le haghaidh Áth Cliath Theas Gníomhach, agus bhí raon tionscnamh ann, lena n-áirítear:

- Gradaim spórt áitiúla.
- Cláir do scoileanna i lúthchleasaíocht, snámh, rámhaíocht agus sna healaíona comhraic.
- An clár páirceanna gníomhacha (sé pháirc) lena n-áirítear an *Colour Dash* i bPáirc Chorcaí.
- Cláir tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, ina measc foghlaim conas rothaíocht a dhéanamh, foghlaim conas dreapadh, corpacmhainn oiriúnaitheach, agus oibriú le Tionscadal Capall Fhothair Chardain don Aos Óg chun cláir chéadfacha a sholáthar.

- Saoráidí spóirt nua agus dhá aonad bhreise "BoxUp" i bPáirc Airlie agus i bPáirc Chorcaí, galf diosca i bPáirc Chorcaí, giom faoin aer i bPáirc na gCrann Glas, agus an chéad ionad rothaíochta in Éirinn do dhaoine faoi mhíchumas atá go hiomlán ionchuimsitheach i mBaile Choillín.
- Scéim anailíse ar riachtanais straitéiseacha clubanna a chabhraigh le 17 gclub pleananna straitéiseacha a fhorbairt.
- Leithdháileadh deontais forbartha spórt dar luach €150,000 ar 92 eagraíocht.
- Tugadh tacaíocht do 16 lúthchleasaí ar leithligh dar luach €65,000 ag ócáid mhór i Halla an Chontae faoin Scéim Sparánachta don Nuathallann.

## Úsáid bealaí cumarsáide digití a chur chun cinn, agus dul i ngleic le héagothroime sa saol digiteach

- Tugadh isteach cur chuige nua dár gcuid pleananna agus tuarascálacha go léir ina dtugtar tús áite d'fhormáid dhigiteach.
- Cuireadh leathanach tosaigh nua ar an láithreán gréasáin, ag teacht lenár mbranda nua.
- Rinneadh 1,888 comhairliúchán tríd an tairseach chomhairliúcháin ar líne.
- Reáchtáladh feachtais chumarsáide chun seirbhísí tithíochta ar líne, cruinnithe comhairle ar líne, an tairseach ríomhphleanála, an tairseach íocaíochta my.gov.ie agus comhairliúcháin phoiblí éagsúla a chur chun cinn.
- Tá 166,437 leantóirí againn ar na meáin shóisialta agus d'úsáid os cionn 1.1 milliún duine ár gcainéil ar na meáin shóisialta.
- Bhí 1,611,1565 amharc leathanaigh ag sdcc.ie.
- Thug córas íocaíochta nua ar líne níos mó solúbthachta dár gcustaiméirí agus rinneadh os cionn 22,800 íocaíocht air.
- Méadaíodh rochtain an phobail ar fhaisnéis le linn na bliana nuair a suiteáladh níos mó scáileán poiblí i bhfoirgnimh na comhairle chun nuashonruithe a chur in iúl go tráthúil.
- Méadaíodh na roghanna teicneolaíochta inár líonra Leabharlann, rud a d'fhág go raibh sé níos éasca do dhaoine dul ar líne, scileanna nua a

fhoghlaim agus teacht ar sheirbhísí digiteacha. Rinneadh athnuachan agus méadú ar léarscáileanna poiblí agus ar fhaisnéis oscailte, rud a chabhraigh le cónaitheoirí, grúpaí pobail agus gnólachtaí fíricí áitiúla a fhiosrú go héasca.

- Rannchuidigh ár bhfoirne digiteacha le tionscadail "chliste" a dearadh chun smaointe nua a chur ar fáil agus feabhsúcháin a dhéanamh.

## Infheistiú i mbonneagar pobail, ag tabhairt tús áite do ghrúpaí a bhfuil an éagothroime ag cur isteach orthu, agus ag díriú ar chomhfhorbairt áite, éagothroime a laghdú, eagrú a chothú, glór agus tacaíocht a chumasú, agus torthaí sábháilteachta, sláinte, agus folláine a fheabhsú do chách agus seasamh le prionsabail an dearaidh uilíoch

- Cuireadh ionad pobail nua i gcrích i mBaile Gadaí agus osclaíodh é.
- Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar ionad pobail Ghleanntáin an Choiréil.
- Osclaíodh céim a haon de Champas Áineasa Leamhcáin i mí Iúil tar éis tabhairt chun críche na n-oibreacha athchóirithe ag an ionad áineasa a bhí ann cheana, agus d'oscail Club Dornálaíochta na hEascrach a shaoráid nua ann.
- Deonaíodh ceadú Chuid 8 maidir le síneadh a chur le hIonad Pobail agus Óige Bhaile Uí Ruáin.
- Tugadh bord bainistíochta réigiúnach isteach ar bhonn píolótach d'ionaid phobail i mBaile Gadaí, i mBaile Uí Néill agus i Rualach. Déanfar athbhreithniú air sin agus d'fhéadfaí é a rolladh amach ar fud an líonra ionad pobail.
- Thug 759,037 duine cuairt ar ionaid phobail agus ghlac 117,985 duine de gach aoisghrúpa agus ar gach cumas páirt i ngníomhaíochtaí spóirt.
- Tá áirithintí ar líne ar fáil ag 17 n-ionad pobail anois. Cuireadh 81,674 uair an chloig in áirithe agus gineadh ioncam €921,258.58 ó 33,676 áirithint.
- Osclaíodh páirc imeartha uile-aimsire ag ionad pobail Belgard.

## Sprioc 6 Saibhreas Cultúrtha

**Cultúr beoga a chur ar fáil do chách**

### Seirbhísí ealaíon, cultúrtha, agus leabharlainne na Comhairle a spreagadh mar phríomhchumasóirí don fhás eacnamaíoch, nuálaíocht, aitheantas, sofheictheacht, éagsúlacht, agus forbairt pobail

- Rinne os cionn 60,000 ball gníomhach leabharlann níos mó ná 1.3 milliún idirbheart a bhain le leabharlanna le linn 973,236 cuairt ó dhaoine den phobal.
- Reáchtáladh 8,542 ócáid i leabharlanna agus mheall siad lucht freastail de 150,621 duine.
- Chuir Leabharlanna CCÁCT 429 uair oscailte in aghaidh na seachtaine ar fáil ar fud ar líonra brainsí de seacht leabharlann, ardú ó 372 in 2022.
- Leis an gcéad Mo Leabharlann Oscailte i Leabharlann Leamhcáin, cuirtear níos mó rochtana ar an leabharlann ar fáil 365 lá sa bhliain, is é sin 43 uair oscailte bhreise sa tseachtain. Ó tugadh isteach é, chláraigh 518 ball le haghaidh rochtain ar Mo Leabharlann Oscailte, agus tugadh 6,519 cuairt i rith uaireanta Mo Leabharlann Oscailte.
- Thug 69,160 duine cuairt ar leabharlanna soghluaiste, lena n-áirítear 31,153 cuairt ar an tseirbhís scoileanna a chuireann ár leabharlanna soghluaiste ar fáil.
- Cuireadh tús leis an tógáil ar Leabharlann Iarthar na Cathrach agus rinneadh dul chun cinn ar an réamhobair le haghaidh leabharlann nua i mBaile Adaim agus sa Chiseog. Cuireadh saoráidí leabharlainne ar fáil sa Teach Cúirte i Ráth Cúil freisin.
- Cheadaigh comhaltaí tofa iarratas pleanála Chuid 8 ar fheabhsú ar rochtain agus oibreacha athchóirithe ag Leabharlann Chluain Dolcáin.
- Seoladh Leabharlann Bheag, an “LibCabinet” in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta. Is both leabharlainne féinseirbhíse é seo a chuireann ar chumas úsáideoirí bhrabhsáil trí bhailiúchán roghnaithe leabhar, iad a thógáil ar iasacht agus iad a thabhairt ar ais ar a gcaoithiúlacht féin. Tá 90 úsáideoirí ag an Leabharlann Bheag faoi láthair.

- Tháinig méadú os cionn 10% ar an líon daoine a d'fhreastail ar an bhFéile Leabhar Red Line. Ar bhuaicphointí an lae bhí Helen Fielding ag Caisleán Ráth Fearnáin agus lá spraoi don teaghlach a chuir beocht i bPlás Pharthaláin.
- Bhí an-chuid clár ann agus iad bunaithe ar fhoghlaim dhigiteach agus STEAM a chur chun cinn do dhaoine de gach aois, go háirithe tríd an tionscnamh Déantóir Cónaithe agus rolladh amach leanúnach an chláir Ceardlanna Leabharlainne. D'fhreastail 5,661 duine ar 483 imeacht STEAM i leabharlanna.
- Tá ár leabharlanna fós i mbun oidhreacht agus stair an chontae a chur chun cinn trí chláir imeachtaí rialta, lena n-áirítear Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta, an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta i mí Lúnasa, agus trí thionscadail lena n-áirítear Mapping Spaces agus bailiúchán béaloidis Thamhlachta. D'fhreastail 2,659 duine ar 147 imeacht oidhreachta i leabharlanna.
- Chuir an Oifig Ealaíon 39 imeacht ar siúl faoin gclár Baile Átha Cliath Theas Beo, ar ar fhreastail 18,500 duine. I measc na n-imeachtaí bhí ceadail chláirsí, féilte ceoil don ógra, taispeántais traschultúrtha agus seisiúin drumadóireachta do theaghlaigh, in ionaid tionóil i dTamhlacht, Leamhcán, Ráth Fearnáin, Baile Phámar, an Teampall Geal agus Bhaile Adaim. Ghlac 280 taibheoir agus 156 ball foirne léiriúcháin páirt sna himeachtaí.
- Tugadh 383,367 cuairt ar ionaid ealaíon.
- Reáchtáil NOISE Music 194 ceardlann faoi scileanna DJ, léiriú ceoil agus taibhiú. Reáchtáladh na ceardlanna i 30 suíomh, ina measc scoileanna, leabharlanna agus ionaid óige, agus d'fhreastail 470 duine orthu. D'éascaigh an clár seo taibhithe ag imeachtaí amhail *The Night Belongs to Us,* an Fhéile Ceoil *Subsounds* don Ógra, Cruinniú na nÓg, Oíche Chultúir, agus taibhithe DJanna *NOISE Music Collective* ar íocadh astu ag dioscónna agus imeachtaí séasúracha in ionaid phobail agus scoileanna ar fud an chontae.
- Ghlac 1,623 leanbh agus duine óg páirt in oideachas ceoil i mbunscoileanna, ionaid phobail, leabharlanna (grúpaí luath-thosaitheoirí agus tuismitheoirí agus leanaí), cumadóireacht amhrán i scoileanna dara leibhéal, agus cláir de chuid Subsounds Youth Music Collective trí Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas.

- Soláthraíodh sé thionscadal le Seedlings, clár Ealaíon Luathbhlianta agus Leanaí, ar ar fhreastail os cionn 700 leanbh: An clár Scríbhneoireacht Chruthaitheach *Mad Mag Creative* do leanaí 7-12 bliana d'aois, *Mother Tongues Language Explorers* do leanaí 3-6 bliana d'aois, *SPLAT!* le Doulab Circus a rinne gníomhaíocht chruthaitheach i Mol Abberley do Dhaoine Gan Dídean, sa Seomra Lachtachta ag Rua Red inar fiosraíodh na naisc idir an ealaín, an máithreachas agus an tsochaí, agus *Blue Sky Thinking*, cónaitheacht ealaíontóra ag Starbright Creche i Ráth Miontáin.
- Chuir Hopeful Theatre, Cluain Dolcáin, trí léiriú nua ar an stáitse i gcomhar le hAmharclann na Mainistreach agus Amharclann an Phobail, le tacaíocht ón gComhairle.
- Íocadh deontais ealaíon, sparánachtaí agus ranníocaíochtaí bliantúla dar luach iomlán €1,283,379 le 70 grúpa ealaíon, eagraíocht agus ealaíontóir, chun seirbhísí a sholáthar agus chun tacú le healaíontóirí a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae.
- Chuir *Contact Studio* innealtóireacht fuaime agus tacaíocht theicniúil ar fáil le haghaidh cláir éagsúla, lena n-áirítear *Sightless Cinema, Subsounds, The Night Belongs to Us* agus podchraoltaí Leabharlanna CCÁCT. Cuireann an stiúideo sin oiliúint i scileanna fuaime agus léiriúcháin le haghaidh imeachtaí beo ar rannpháirtithe.
- Choimisiúnaigh an clár ealaíon poiblí, IN CONTEXT 5 cúig chlár faoinar chláraigh 15 ealaíontóir chun ceithre thionscadal ealaíon shóisialta a sheachadadh le pobail i dTamhlacht, Teach Mealóg/Ráth Fearnáin, Cluain Dolcáin Thuaidh, Cnoc Lín, an Seanbhábhún agus Chill an Ardáin in 2026.
- Trí Chlár Bhaile Átha Cliath Theas de chuid Éire Ildánach, chuireamar Cruinniú na nÓg ar siúl, an lá náisiúnta um chruthaitheacht leanaí, agus Féile Ceoil do Leanaí i Leamhcán, Ruaille Buaille, ar ar fhreastail os cionn 6,000 leanbh.
- Tugadh tacaíocht do ghníomhaíochtaí cultúrtha trí fheabhsúcháin ar ardáin phoiblí, mar shampla, uasdátú ar shuíomhanna gréasáin, léarscáileanna agus scáileáin dhigiteacha, chun imeachtaí áitiúla agus scéalta don phobal a dhéanamh níos éasca le haimsiú, agus chun níos mó rannpháirtíochta i saol an phobail a spreagadh trí fhaisnéis shoiléir agus inrochtana.

## Úsáid na Gaeilge mar theanga bheo a chur chun cinn agus tacú léi

- Ghlac 4,100 duine páirt i ngníomhaíochtaí Gaeilge. Chuir Leabharlanna CCÁCT an teanga chun cinn trí raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear imeachtaí i nGaeilge, cláir dhátheangacha, bailiúcháin thiomnaithe, agus comhpháirtíochtaí a spreag úsáid laethúil na Gaeilge ar fud na seirbhísí leabharlainne, lena n-áirítear rannpháirtíocht i Seachtain na Gaeilge agus san fhéile Bronntanas. D'fhreastail 1,859 duine ar 130 imeacht Gaeilge i leabharlanna.
- Rinneadh dul chun cinn ar an tionscnamh comhoibríoch Gaeilge365 sna ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath agus deonaíodh maoiniú os cionn €4.5m ar an tionscnamh thar thréimhse ceithre bliana ó 2025 go 2028. Taispeánadh smaointe nuálacha maidir le húsáid na teanga i seirbhísí poiblí ag Féile na bhFéidearthachtaí, ar ar fhreastail níos mó ná 1,200 duine. Ghlac baill foirne na Comhairle páirt sa chlár ceannaireachta agus cruthaitheachta, An Chomhairle Chraiceáilte, a chuireann oiliúint ar fhostaithe údaráis áitiúil chun seirbhísí poiblí nuálacha agus teangabhunaithe a fhorbairt. Ar cheann de na tionscnaimh faoi stiúir ár mball foirne a d'eascair as sin bhí an Fhéile Bronntanas, féile ealaíon ilghníomhaireachta i nGaeilge do theaghlaigh a reáchtáladh ar fud Bhaile Átha Cliath.
- Mar chomhlíonadh leis na ceanglais nua maidir le fógraíocht i nGaeilge, rinneadh 27.33% den fhógraíocht uile i nGaeilge agus caitheadh 7.14% den bhuiséad fógraíochta ar na meáin Ghaeilge le linn na bliana tuairiscithe.

## An éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus cothromas a fheabhsú d'imircigh thar gach gné de shochaí na hÉireann trí fhócas méadaithe ar bhearta cuimsithe shóisialta, rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí poiblí agus gníomh spriocdhírithe chun dul i ngleic leis an gciníochas agus seineafóibe

- Cuireadh tacaíochtaí comhordaithe don lánpháirtiú ar fáil d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do dhaoine a bhfuil stádas acu, do dhídeanaithe cláir agus do Thairbhithe Cosanta Sealadaí.
- Reáchtáladh 129 clinic ar fud Bhaile Átha Cliath Theas chun cabhrú le daoine ceangal leis na seirbhísí atá ann cheana féin is oiriúnaí dá gcuid riachtanas.
- Tháinig an Fóram um Lánpháirtiú Pobail le chéile sé huaire chun tacú le lánpháirtiú ar leibhéal an phobail agus comhtháthú i measc comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, pobail agus deonacha. Reáchtáladh cruinnithe tráthrialta leis an bhFoireann um Rannpháirtíocht leis an bPobal sa Roinn Dlí agus Cirt. Bhí caidreamh fairsing ann le tacaíocht ó chomhairleoirí áitiúla, an Ciste Bonneagair Pobail, agus grúpaí pobail áitiúla tar éis gur fógraíodh gur cheannaigh an Stát óstán Citywest chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin ar straitéis nua um lánpháirtiú.
- Cuireadh an babhta deiridh den Chiste Aitheantais Pobail i gcrích. Bronnadh maoiniú dar luach iomlán €2,246,022.86 ar 17 dtionscadal agus tá ocht dtionscadal tugtha chun críche go dtí seo.
- Cuirtear raon tionscnamh ar fáil go leanúnach chun tacú le hidirghníomhaíochtaí dearfacha pobail maidir le héagsúlacht i ngrúpaí, lena n-áirítear caiféanna do dhaoine le néaltrú, Lá na hAfraice, Seachtain na nDídeanaithe, an clár Pobail a Chumhachtú, imeachtaí do dhaoine faoi mhíchumas, an Fóram um Shábháilteacht Shóisearach, cláir spórt i scoileanna, an clár rannpháirtíochta sa spórt, an clár sláinte agus folláine in ionad phobail, imeachtaí Oíche Shamhna, iontrálacha Bród Áite, caiféanna don ógra agus campaí samhraidh.
- Tá inrochtaineacht fite fuaite inár straitéis bhranda nua agus áirítear lena cur i bhfeidhm fotheidil ar gach físeán, téacs malartach ar gach íomhá ar an ngréasán, agus an branda nua a rolladh amach ar ár gcainéil seirbhísí digiteacha, ag cinntiú go gcomhlíonann sé na treoirlínte maidir le hinrochtaineacht ábhar gréasáin.
- I measc na bhfeachtas cumarsáide a reáchtáladh bhí an tSeachtain Inrochtaineachta, an tSeachtain Cibearshlándála, Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bhí imeachtaí agus ceardlanna a dhírigh ar dheireadh a chur le heisiamh agus éagothroime ar siúl i rith na seachtainí

sin. Rinneadh uasdátuithe ar sdcc.ie, ar an tairseach chomhairliúcháin agus ar sheirbhísí eile chun cloí leis an mbranda nua agus lena chinntiú go gcloíonn an cló, an dath, agus na íomhánna le treoir ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh.

## Sprioc 7: Daoine ar dTús - Bheith inár n-eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

### Feidhmiú mar eagraíocht réidh chomhtháite, ag a bhfuil aidhm aontaithe, iarrachtaí comhchuibhithe agus uaillmhian chomónta atá tiomanta do sheirbhísí agus torthaí eiseamláireacha a sholáthar do gach custaiméir agus úsáideoir seirbhíse

- Thosaigh 136 earcaí nua ag obair linn agus fuair 101 ball foirne a bhí ann cheana ardú céime go dtí post buan. Fuair deichniúr eile ardú céime ar bhonn sealadach trí chomórtas oscailte. Reáchtálamar agallaimh ag 75 feachtas earcaíochta thar 142 lá (beagnach 60% de na laethanta oibre go léir a bhí ar fáil). Faoi dheireadh na bliana, bhí 2,811 foirm iarratais próiseáilte agus bhí agallamh curtha ar thart ar 818 iarrthóir.
- Leanamar de chaidrimh níos láidre a fhorbairt le hinstitiúidí tríú leibhéal, amhail COBÁC agus TUD Thamhlachta; d'éascaíomar 14 socrúchán intéirneachta le pá, agus leanadh lenár gcomhpháirtíocht le AHEAD chun an clár WAM a sholáthar do chéimithe faoi mhíchumas. Éascaíodh 14 socrúchán taithí oibre eile do dhaltaí idirbhliana agus do mhic léinn tríú leibhéal.
- Sheolamar printíseacht innealtóireachta sibhialta nua, an chéad phrintíseacht dá leithéid san earnáil údarás áitiúil, i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, agus thosaigh beirt phrintísigh ag obair linn.
- Chuireamar fáilte roimh 54 mac léinn tríú leibhéal chun cabhrú le soláthar seirbhísí i rith mhíonna an tsamhraidh thar ocht limistéar oibríochta éagsúla.
- Leathnaíodh earcaíocht leanúnach go dtí na poist Cúntóir Leabharlainne agus Oibrí Ginearálta, agus reáchtáladh cúig fheachtas earcaíochta leanúnaí i rith na bliana.

- D’fhreastalaíomar ar aontaí gairmeacha ag Campas Thamhlachta agus ag Campas Shráid Bolton d’Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD), chomh maith le haontaí post Intreo i gCluain Dolcáin agus i nGleann na Life.
- Táimid rannpháirteach sa chlár *Back to Work Connect* mar Fhostóir a Thacaíonn le hAthiontrálaithe chun teacht ar stór tallainne ilchineálaí d’iarrthóirí a bhfuil taithí acu agus atá ag iarraidh a bheith mar chuid den lucht saothair arís. Fógraítear gach folúntas ar *Back to Work Connect* anois.
- Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ionduchtaithe fostaithe d’fhostaithe nua.
- Leanadh le tosaíocht a thabhairt do nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta, tionóladh cruinnithe comhairliúcháin ráithiúla faoi shábháilteacht agus rinneadh 390 cigireacht ar fud na réimsí gnó. Fuair an fhoireann bainistíochta tuarascálacha démhíosúla ón Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar na teagmhais a tuairiscíodh agus rinne maoirseacht iomlán ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta.
- Mar chuid dár gclár for-rochtana d’iar-bhunscoileanna chun an Chomhairle a chur chun cinn mar rogha fostóra, leanamar le caidreamh fairsing a dhéanamh le scoileanna. Thugamar 12 chuairt ar scoileanna le haghaidh imeachtaí gairmeacha agus chun labhairt le daltaí sa tsraith shinsearach faoi na deiseanna gairme éagsúla atá againn agus faoi na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair linn. Ghlac fostaithe ó shruthanna oibre éagsúla páirt in imeachtaí gairme den chineál geandáil ghasta ag dhá scoil áitiúla, agus ghlacamar páirt i meantóireacht phobail le daltaí sa chúigiú bliain i bPobalscoil Mharcais, Tamhlacht.
- Forbraíodh brandáil agus teachtaireachtaí nua, agus tairiscint um luach foirne (EVP), chun na buntáistí agus an luach a bhaineann le CCÁCT mar fhostóir a chur chun cinn. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm ghníomhartha sainaitheanta maidir leis sin.
- Tugadh isteach nuachtlitir leictreonach nua “Hello from HR” chun gach ball foirne a choinneáil ar an eolas faoi gach rud a bhaineann le hAcmhainní Daonna. Foilsíodh ceithre eagrán i rith na bliana.
- Tugadh isteach beartais nua maidir le pleanáil comharbais agus soghluaisteacht na foirne.

- Sheolamar ár mbranda nua go poiblí i mí na Bealtaine tar éis roinnt mhaith comhairliúcháin, forbartha agus obair dhearaidh. Léiríonn an branda nua gealltanas láidir maidir le freastal ar ár bpobail, agus tosaíocht á tabhairt do dhíriú ar chustaiméirí agus deiseanna amach anseo. Léiríonn sé an bunús le contae atá ag fás agus ag athrú, agus tá sé ag teacht lenár gcuspóir agus luachanna uasdátaithe.
- Leanadh leis an obair le linn na bliana chun an t-aitheantas nua agus an straitéis chlaochlaithe a ghabhann leis a rolladh amach go hinbhuanaithe, lena n-áirítear an eagraíocht a athstruchtúrú chun tacú le béim níos mó ar ár gcuspóirí agus ar sheachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán.

## Oibriú chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint d'úsáideoirí seirbhísí, tairbhithe beartais, comhaltaí tofa agus fostaithe, le linn dúinn ár bhfeidhmeanna uile a chur i bhfeidhm

- Rinneadh athbhreithniú ar na beartais earcaíochta lena chinntiú go dtugtar léiriú ceart ar chearta an duine agus ar dhea-chleachtas maidir le comhionannas.
- Foilsíodh ár dTuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní agus léiríodh go bhfuil meántuilleamh na mban a oibríonn linn 10.00% níos airde ná meántuilleamh na bhfear.
- Rinneadh suirbhé ar na baill foirne i gcomhréir le Cuid 5 den Acht um Míchumas, agus léirigh na torthaí gur fhógair 8% de na fostaithe go bhfuil siad faoi mhíchumas.
- Forbraíodh léarscáil chéadfach agus treoir amhairc do Halla an Chontae agus tá siad ar fáil ar an suíomh gréasáin.
- Tosaíodh ar an obair chun creidiúnú um oiriúnacht don uathachas a lorg.
- Reáchtáladh Seachtain Inrochtaineachta rathúil ina raibh imeachtaí éagsúla agus feachtas cumarsáide poiblí, agus inar cruthaíodh físeáin éagsúla.
- Tháinig ár meitheal um Chearta an Duine agus Comhionannas le chéile dhá uair agus rinne siad uasdátú ar ár gCreat um Dhualgas maidir le

Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí, a seoladh i mí na Nollag. Cuireadh breis oiliúna ar 25 ball foirne i ndáil le comhionannas agus cearta an duine.

- D'fhoilsíomar tairiscint chun sainchomhairleoirí a cheapadh chun iniúchtaí inrochtaineachta a dhéanamh chun inrochtaineacht bailte agus sráidbhailte áitiúla a mheas agus a fheabhsú. Bhainistíomar saoráidí poiblí, mar shampla ionaid phobail, láithreacha turasóireachta agus an ríocht phoiblí.
- Ceadaíodh buiséad chun Bord Comhairleach um Mhíchumas a chur ar bun agus chun tacú leis.

## Lucht saothair oilte agus éagsúil a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh, laistigh de thimpeallacht oibre ionchuimsitheach agus inrochtana chun nuálaíocht, táirgiúlacht agus feidhmíocht a fheabhsú

- Cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ár bPlean Forbartha Straitéiseach nua don Lucht Saothair. Tá an plean sin ag teacht lenár bPlean Corparáideach agus déantar foráil ann do bhainistiú réamhghníomhach ar an lucht saothair atá againn faoi láthair agus a bheidh againn amach go 2029, chun na dúshláin straitéiseacha a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh agus chun lucht saothair dea-struchtúrtha ar mhéid iomchuí a choinneáil ar bun a mbeidh d'acmhainn aige freastal go héifeachtach ar riachtanais a bhíonn ag athrú. Ceadaíodh 118 post nua faoin bplean agus tá siad ag céimeanna éagsúla de phróisis cheadaithe agus earcaíochta.
- Tugadh isteach Straitéis Foghlama agus Forbartha nua 2025-2029 chun tacú leis an lucht saothair a fhorbairt.
- Cuireadh 244 tacaíocht oiliúna agus forbartha foirne ar fáil, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna, meantóireacht, cóitseáil, comhdhálacha agus scéim chúnaimh chun cúrsaí in institiúidí oideachais a mhaoiniú.
- Leanamar dár Straitéis Nuálaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear imeachtaí don tSeachtain Bhliantúil Nuálaíochta agus do na Gradaim Nuálaíochta Foirne.

- Rinneadh athbhreithnithe anailíse ar oiliúint i mbainistíocht feidhmíochta agus ar riachtanais oiliúna le baill foirne a oibríonn taobh amuigh agus le bainisteoirí líne i ngach iosta. Tugadh tacaíocht do bhainisteoirí freisin chun saoire bhreoiteachta agus asláithreacht a bhainistiú trí anailísíocht sonraí AD fheabhsaithe, tacaíocht chomhairleach agus bearta eile.
- Seoladh straitéis folláine nua don fhoireann i mí na Samhna inar leagadh amach ár bhfís agus ár n-aidhmeanna d'fholláine na foirne go dtí 2027.
- Tugadh isteach clár seaimpíní folláine ina bhfuil 14 bhall foirne chun tacú leis an straitéis.
- Leanadh d'imeachtaí a chur ar fáil faoi Phlean Gníomhaíochta Folláine na Foirne, lena n-áirítear Lá Folláine san Áit Oibre, mí na Feasachta maidir le hAilse Chíche, Cláir Foirne um Scor den Tobac, Seimineár Sábháilteachta agus Folláine, scrúduithe sláinte d'fhostaithe agus an clár vacsaínithe in aghaidh an fhliú.
- Cuirtear seirbhís 24/7/365 ar fáil lenár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP). Is é atá i gceist leis ná comhairleoireacht agus tacaíocht faoi rún do bhaill foirne agus comhairleoirí a mbeadh deacrachtaí acu, agus cuirtear an clár le fáil do dhaoine den neasteaghlach freisin.
- Tugadh tacaíocht do struchtúir chaidrimh thionsclaíoch trí idirchaidreamh leanúnach idir an lucht bainistíochta agus ceardchumainn i gcomhréir le cuspóirí na gComhaontuithe Seirbhíse Poiblí trí chruinnithe míosúla, cruinnithe maidir le pleanáil lucht oibre gach ráithe agus caidreamh trí na sásraí caidrimh thionsclaíoch nuair ba ghá.
- Chruthaigh an Fóram Faisnéise agus Comhairliúcháin próiseas struchtúrtha le haghaidh cumarsáid agus comhairliúchán éifeachtach idir an bhainistíocht agus ionadaithe ar na fostaithe. Tháinig an fóram le chéile seacht n-uaire agus rinne cuir i láthair den scoth faoin obair nuálach agus faoi na tionscadail nuálacha a dhíríonn ar an todhchaí atá ar bun ag CCÁCT, cuir i gcás pleanáil straitéiseach don lucht saothair, straitéis spáis don ionad oibre, agus na stiúideonna ag an 12ú Loc.

## Ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a sholáthar trí eagraíocht éifeachtúil, éifeachtach, thrédhearcach agus chuntasach

- Tionóladh 16 chruinniú reachtúil de chuid na Comhairle, ina measc 11 chruinniú míosúil, an cruinniú bliantúil, an cruinniú buiséid bliantúil, agus trí chruinniú speisialta.
- Cuireadh 1,305 mír cheannteidil i láthair, freagraíodh 917 ceist agus breithníodh 711 rún ag cruinnithe iomlánacha na Comhairle.
- Tháinig gach Coiste Ceantair le chéile 10 n-uaire.
- Tháinig an Grúpa Beartais Chorparáidigh le chéile 11 uair agus bhí ceithre chruinniú an ceann ag na sé Choiste um Beartais Straitéiseacha.
- Tionóladh dhá chruinniú le comhaltaí áitiúla an Oireachtais.
- Óstáladh 12 thoscaireacht de chumainn áitritheoirí agus de ghrúpaí pobail chun príomh-shaincheisteanna áitiúla a phlé.
- Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile cúig huaire. Déanann an coiste maoirseacht neamhspleách, agus athbhreithniú ar thuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha, bainistiú riosca agus luach ar airgead, chun trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú.
- Rinneadh obair chun comhlíonadh an Chóid Rialachais nua don Rialtas Áitiúil a chinntiú agus tá an cód faoi réir ag imscrúdú ón gCoimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. Tá ár gcuspóirí maidir le seachadadh seirbhísí agus forbairt leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2025 - 2029, sna pleananna soláthair seirbhíse bliantúla, sa bhuiséad bliantúil agus sa chlár caipitil rollach trí bliana. Tugtar tuairiscí gach mí ar sheachadadh na gcuspóirí i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an gComhairle agus gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil.
- Mar chuid den fheachtas sábháilteachta ar líne uile-eagraíochta bhí cainteanna, ceardlanna agus seisiúin foghlama a bhí éasca le leanúint.
- Chuir seaimpíní foirne dea-nósanna chun cinn agus spreag siad iompraíocht níos sábháilte.
- Comhlíonadh freagrachtaí maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí go cúramach i gcomhréir le reachtaíocht agus ceanglais náisiúnta agus Eorpacha um chosaint sonraí.
- Scrúdaíodh córais nua le haghaidh rioscaí príobháideachais, tugadh tacaíocht d’oiliúint na foirne, agus bainistíodh iarrataí ar fhaisnéis phearsanta.

- Tugadh tosaíocht i gcónaí d'oiliúint dhigiteach don fhoireann, agus rinne roinnt mhaith fostaithe cláir foghlama chun feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí digiteacha agus an tacaíocht a thugtar dóibh.

## Seirbhísí poiblí a chlaochlú trí sheirbhísí agus réitigh dhigiteacha atá dírithe ar an úsáideoir agus atá ionchuimsitheach a sholáthar, agus bheith freagrach as eisiamh digiteach agus éagothroime agus aghaidh a thabhairt ar na rudaí sin

- Reáchtáladh feachtais chumarsáide chun seirbhísí tithíochta ar líne, cruinnithe comhairle ar líne, an tairseach ríomhphleanála, an tairseach íocaíochta my.gov.ie agus comhairliúcháin phoiblí éagsúla a chur chun cinn.
- Cuirtear roghanna malartacha as líne ar fáil, chomh maith le tacaíocht ón bhfoireann le haghaidh seirbhísí riachtanacha, cuir i gcás an córas Tithíochta Ar Líne.
